Health Information and Quality Authority

An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte



# Tuarascáil Bhliantúil 2013

*Is ann don Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte chun feabhsuithe inbhuanaithe a chur chun cinn, daoine a chosaint agus iad ag úsáid seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta, agus tacú le cinntí eolasacha maidir leis an gcaoi a seachadtar seirbhísí.*

Arna chur faoi bhráid an Aire Sláinte
de réir Alt 37 den Acht Sláinte, 2007.

Arna fhoilsiú ag an Údarás um
Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte ©2014.

# Focal ón gCathaoirleach



Is mór agam tacaíocht a thabhairt do gach uile dhuine san Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte mar a bhrúimid cúram slán sábháilte ar ardchaighdeán chun cinn ar mhaithe leis na daoine a úsáideann seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta i bPoblacht na hÉireann. Is é bunchuspóir an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte feabhsuithe inbhuanaithe a chur chun cinn, daoine a chosaint agus iad ag úsáid seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta, agus tacú le cinntí eolasacha maidir leis an gcaoi a seachadtar seirbhísí. D'éirigh linn feabhas leanúnach a bhrú chun cinn in 2013 mar gur thugamar faoi chlár tábhachtach oibre le tacaíocht a thabhairt d'úsáideoirí seirbhísí, do sholáthróirí seirbhíse, agus don lucht déanta beartais sláinte.

Leagadh cúraimí nua ar an Údarás i ndáil le rialáil seirbhísí cónaithe do leanaí agus do dhaoine fásta faoi mhíchumas ar an 1 Samhain 2013, ar lá é a raibh tábhacht nach beag ag baint leis do na 9,800 duine a úsáideann na seirbhísí sin. D'fhoilsíomar na Caighdeáin Náisiúnta um Sheirbhísí Cónaithe do Leanaí agus do Dhaoine Fásta faoi Mhíchumas in 2013 chomh maith agus táimid ag obair as láimh a chéile le cónaitheoirí, le daoine muinteartha, le cúramóirí agus le soláthróirí seirbhíse anois i dtreo na Caighdeáin a chur i bhfeidhm. Garsprioc thábhachtach is ea an fheidhm nua seo dúinn.

Leanamar de chultúr sábháilteacht othar agus feabhsaithe cáilíochta a chur chun cinn in 2013. In 2013 d'fhoilsíomar breis is 700 tuairisc ar iniúchtaí ar thithe altranais agus 60 tuairisc ar iniúchtaí ar sheirbhísí altrama agus ar sheirbhísí cónaithe leanaí. Leanaimid de thuarascála a eisiúint go poiblí maidir le sábháilteacht, le cáilíocht agus le héifeachtacht seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta d'fhonn cur ar chumas an chórais chúram sláinte agus sóisialta an riosca a laghdú go ndéanfaí dochar do dhaoine a úsáideann na seirbhísí nó go n-imreofaí drochíde orthu.

Is minic a tholgtar ionfhabhtuithe a bhfuil baint acu leis an gcúram sláinte i seachadadh cúram sláinte. Is mór an tosaíocht dúinn a leithéid d'ionfhabhtuithe a chosc agus a rialú. Rinneamar iniúchadh ar 42 ospidéal i gcaitheamh 2013 de réir na gCaighdeán Náisiúnta um Chosc agus Rialú Ionfhabhtuithe atá Bainteach leis an gCúram Sláinte. Bhí na hiniúchtaí seo dírithe ar chaighdeáin sláinteachas láimhe agus timpeallachta go príomha. Leanfar den tsábháilteacht othar bheith ar cheann de thosaíochtaí an Údaráis, rud a éiríodh níos tábhachtaí fós tráth a dtabharfaidh an Stát isteach córas ceadúnúcháin nua chun na saoráidí cúram sláinte a dhéanamh níos cuntasaí. Chuireamar móriniúchadh sábháilteacht othar i gcrích in 2013 ag Ospidéil na hOllscoile, Gaillimh, a chuir faoi chaibidil cáilíocht agus caighdeán na seirbhísí a sholáthraítear d'othair, mná ag iompar clainne san áireamh, atá i mbaol an mheathlúcháin chliniciúil.

Anois go bhfuil ganntanas acmhainní ag cur as don saol, tuigimid go maith go bhfuil de dhualgas orainn luach ar airgead a fháil thar ceann an cháiníocóra. Imlonnaímid baill foirne chumasacha agus bainimid úsáid as acmhainní dár gcuid go héifeachtach le bonn eolais a chur faoi phróisis déanta cinntí d'fhonn ár dtionchar a uasmhéadú ar mhaithe leo siúd a úsáideann agus a sheachadann seirbhísí. Déanaimid an méid seo d'fhonn an t-ualach a chuirtear ar sholáthróirí seirbhíse a laghdú ar an iomlán nuair is féidir agus ár gcuspóirí i leith feabhsú sábháilteachta agus cáilíochta a chomhlíonadh ag an am céanna. Shínigh an tÚdarás meabhráin tuisceana leis an gCoimisiún Meabhair-Shláinte, leis an Roinn Oideachas agus Scileanna agus le Comhairle na nDochtúirí Leighis in 2013.

Éascaíonn na meabhráin tuisceana seo comhoibriú i réimsí a bhfuil comhleas straitéiseach agus oibríochtúil ag baint leo agus cuireann siad ar ár gcumas an dúbailt iarrachta a sheachaint. D'éirigh linn éifeachtúlacht inmheánach ár n-eagraíochta féin a bhrú chun cinn chomh maith.

Tá sé ar cheann de chroíphrionsabail an Údaráis go ndéanaimid cinntí de réir fianaise agus taighde. Cinntíonn Measúnachtaí ar Theicneolaíocht na Sláinte (MTS), arna ndéanamh ag an Údarás, go mbíonn na próisis déanta cinntí agus beartas dírithe ar an othar agus éifeachtach ó thaobh costais de i gcónaí.

I gcaitheamh 2013 rinneamar measúnacht dá leithéid ar thairseacha atreoraithe agus cóireála i ndáil le rogha gnáthamh sceidealaithe. Rinneamar MTS chomh maith ar chlár faireachais eagraithe le haghaidh ban is eol atá i mbaol ardaithe na hailse cíche. Chuireamar MTS le chéile ar an gcomhbhrú neomatach eatramhach i gcásanna tromchúiseacha den ghalar artaireach forimeallach agus cuireadh tús le MTS ar sholáthar dífhibrileoirí poiblí in Éirinn lena n-úsáid i gcás stad cairdiach lasmuigh d'ospidéal chomh maith.

D'oibrigh an tÚdarás leis an Roinn Sláinte in 2013 le creat a leagan amach don Bhille um Fhaisnéis Sláinte. Tar éis a achtaithe, cuirfidh sé creat reachtach ar fáil le haghaidh rialú faisnéis agus tionscnaimh sláinte ar bhealach níos fearr. D'oibríomar leis an Roinn Sláinte ar an mBille um Aitheantóirí Sláinte chomh maith, rud a foilsíodh i Mí na Nollag agus a chuirfidh creat reachtach ar fáil, tar éis a achtaithe, i gcomhair aitheantóirí uathúla do dhaoine agus do sholáthróirí cúram sláinte. Lena chois sin, d'fhoilsíomar An Tacar Náisiúnta Sonraí Déimeagrafacha agus an Treoir a ghabhann leis le húsáid i socruithe cúram sláinte agus sóisialta in Éirinn.

D'fhoilsíomar Plean Corparáideach 2013-2015 le linn 2013. Is é seo an tríú plean corparáideach de chuid an Údaráis ó cuireadh ar bun i Mí na Bealtaine 2007 é. Déanann sé forbairt ar ar baineadh amach mar thoradh ar na pleananna a tháinig roimhe. Tá méadú ag teacht ar ról an Údaráis i láthair na huaire agus leagtar síos sa Phlean Corparáideach nua seo an chaoi a dtabharfar faoi fheidhmeanna nua go héifeachtúil agus go héifeachtach mar a leagfar cúraimí breise orainn.

Is í seo mo chéad bhliain mar Chathaoirleach an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte agus is mian liom mo bhuíochas a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach, an Dr. Tracey Cooper, as ucht ceannasaíocht agus tiomantas a léiriú don Údarás. Gabhaim buíochas le foireann an Údaráis as a gcuid sároibre agus tiomantais, agus le comhaltaí an Bhoird as an gcomhairle agus as an treoir a chuireann siad ar fáil.

Tá fios maith agam go leanfaidh an tÚdarás den chóras rialála, a bhfuil muinín ag úsáideoirí agus ag an bpobal as, a choinneáil agus a fheabhsú tuilleadh. Leanfaimid d'acmhainn agus d'inniúlacht a chur chun cinn, chomh maith le muinín a chothú as cáilíocht agus as sábháilteacht na seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta sa tír seo.



**Brian McEnery**
Cathaoirleach

# Clár na nÁbhar


| | | |
|---|---|---|
| **1** | **Maidir leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte** | **8** |
| 1.1 | Réamhrá | 8 |
| 1.2 | Ár Sainordú agus ár ngníomhaíochtaí | 9 |
| 1.3 | Ráiteas bunchuspóra agus treoirphrionsabail chorparáideacha | 11 |
| **2** | **Rialachas agus bainistíocht** | **14** |
| 2.1 | Ár mBord | 14 |
| 2.2 | Cruinnithe an Bhoird | 16 |
| 2.3 | Fochoistí an Bhoird | 16 |
| 2.4 | Struchtúr eagraíochtúil | 17 |
| **3** | **Cuspóirí straitéiseacha agus éachtaí** | **20** |
| 3.1 | Cuspóirí straitéiseacha | 20 |
| 3.2 | Achoimre ar éachtaí idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2013 | 22 |
| **4** | **Gníomhaíochtaí de réir na Stiúrthóireachta** | **26** |
| 4.1 | Tuarascáil Oifig an Phríomhchigire (An Stiúrthóireacht Rialacháin) | 26 |
| 4.2 | An Stiúrthóireacht um Fheabhsú Sábháilteachta agus Cáilíochta | 41 |
| 4.3 | An Stiúrthóireacht um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte | 46 |
| 4.4 | An Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Sláinte | 53 |
| 4.5 | An Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Corparáideacha | 57 |
| 4.6 | An Stiúrthóireacht um Chumarsáid agus Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara | 61 |
| 4.7 | Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh | 66 |
| **5** | **Faisnéis airgeadais** | **70** |
| 5.1 | Ráitis airgeadais | 70 |
| **6** | **Aguisíní** | **72** |
| Aguisín 1: | Gníomhaíocht agus Tinreamh an Bhoird in 2013 | 72 |
| Aguisín 2: | Léarscáil Straitéisí 2013 – 2015 | 74 |
| Aguisín 3: | Tuarascáil Bhliantúil ar Rialachas agus Chomhlíonadh | 75 |
| Aguisín 4: | Struchtúr eagraíochtúil | 77 |

# 1 Maidir leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

# 1 Maidir leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

## 1.1 Réamhrá

Is é bunchuspóir an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (an tÚdarás) daoine a úsáideann seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta a chosaint, feabhsuithe inbhuanaithe a chur chun cinn, agus tacú le cinntí eolasacha maidir leis an gcaoi a seachadtar seirbhísí. Tá feidhmeanna uile an Údaráis dírithe ar fheabhsuithe leanúnacha a bhrú chun cinn ar shábháilteacht agus ar cháilíocht an chúraim agus na tacaíochta a sholáthraítear do dhaoine a úsáideann seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta.

Tá an seachtú Tuarascáil Bhliantúil seo de chuid an Údaráis á foilsiú tráth a bhfuil an tÚdarás ag fás le freastal ar na caighdeáin rialacháin nua a bheartaítear in An tSláinte Amach Anseo: Creat Straitéiseach i gcomhair Athchóiriú na Seirbhíse Sláinte 2012-2015, a d'fhoilsigh an tAire Sláinte i Mí na Samhna 2012.

Leagadh rialú seirbhísí cónaithe do leanaí agus do dhaoine fásta faoi mhíchumas de chúram orainn den chéad uair in 2013. Rinneadh an beart seo de bhun na gCaighdeán Náisiúnta do Sheirbhísí Cónaithe do Leanaí agus do Dhaoine Fásta faoi Mhíchumas, a seoladh i Mí na Bealtaine 2013. Cuireann an tÚdarás comhairle ar fáil freisin le tacú le próisis déanta cinntí agus déanann sé measúnú ar theicneolaíochtaí sláinte agus ar chórais faisnéis sláinte, idir nua agus reatha. Leanaimid de dheiseanna forbartha cáilíochta agus sábháilteachta a chur ar fáil a thacaíonn le seirbhísí a fheabhsú.

D'fhoilsigh an tÚdarás plean corparáideach 3 bliana nua, Cúram Níos Sábháilte, Níos Fearr: Plean Corparáideach 2013-2015, ar an 13 Bealtaine 2013. Is iad na cuspóirí a luaitear sa Phlean Corparáideach seo atá mar bhonn agus mar thaca ag an obair ar fad atá á déanamh againn. Leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo an chaoi ar chuireamar na cuspóirí seo, mar aon le cuspóirí ár bPlean Gnó, chun cinn i gcaitheamh 2013.

Léirítear sa Phlean Corparáideach croí-threoirphrionsabail an Údaráis .i. tús áite do dhaoine, cothrom na féinne, fócas ar shármhaitheas agus ar nuáil, agus oscailteacht agus cuntasacht. Tugtar ann freisin breac-chuntas ar na tosaíochtaí atá le baint amach chun cur ar ár gcumas ár gcuspóirí corparáideacha straitéiseacha a chomhlíonadh faoi dheireadh an phlean. Tá an Plean bunaithe ar phróiseas forleathan comhairliúcháin agus ar chomhthéacs na timpeallachta seachtraí ina ndéanaimid ár gcuid oibre. Tugtar gealltanas sa Phlean go n-oibreoidh an tÚdarás lenár bpáirtithe leasmhara ar bhealach comhoibríoch, cuiditheach. Tugtar gealltanas chomh maith go ndéanfar feidhmeanna nua a phleanáil mar is ceart, go gcuirfear go leor acmhainní i leataobh dóibh, agus go mbeidh siad éifeachtach ó thaobh costais de.

Eagraíocht a bhíonn ag foghlaim i gcónaí is ea an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte a cuireadh ar bun seacht mbliana ó shin le seirbhísí sláinte agus cúraim i bPoblacht na hÉireann a rialú agus chun feabhsuithe inbhuanaithe a bhrú chun cinn ar na seirbhísí sin. Foghlaimímid ó eagraíochtaí cosúla agus ó dhúshláin cúram sláinte a thagann chun solais i ndlínsí eile.




Shínigh an tÚdarás agus Comhairle na nDochtúirí Leighis meabhrán tuisceana in 2013 d'fhonn comhoibriú idir an dá eagraíocht a mhéadú agus an dúbailt iarrachta a sheachaint. Caroline Spillane, Príomhfheidhmeannach Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus an Dr. Tracey Cooper, Príomhfheidhmeannach an Údaráis ag cur a lámha leis an meabhrán tuisceana (Clé go Deas).

Déanaimid ár seacht ndícheall a chinntiú nach dtarlaíonn teagmhais is údar imní a thagann chun solais in áiteanna eile san Údarás ná sa chóras cúram sláinte agus sóisialta Éireannach. Tá i gceist leis an bpróiseas foghlama seo chomh maith a áirithiú go mbíonn córais láidre i bhfeidhm ag an Údarás chun cur ar a chumas rioscaí a mheas ar na leibhéil áitiúla agus náisiúnta mar is cuí.

Téann an tÚdarás i gcomhpháirtíocht le rialtóirí eile chomh maith, nuair is gá. D'fhorbair an tÚdarás córas láidir bainistíocht faisnéise in 2013 chun comhsheasmhacht agus comhréireacht a chinntiú inár gcur chuige i leith na rialála agus an riosca. Cinntíonn an tÚdarás go ndéantar measúnacht agus monatóireacht ar chomhlíonadh na rialachán agus na gcaighdeán ar bhonn comhsheasmhach, tráthúil.

Ciallaíonn na deacrachtaí eacnamaíochta atá ag cur as don tír faoi láthair go gcaithfidh a ndéanaimid agus an chaoi a ndéanaimid é tionchar fiúntach, bainteach, iomchuí a imirt ar dhaoine a fhaigheann seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta. Shínigh an tÚdarás trí mheabhrán tuisceana leis an gCoimisiún Meabhair-Shláinte, leis an Roinn Oideachas agus Scileanna agus le Comhairle na nDochtúirí Leighis in 2013. Tá sé mar aidhm againn níos mó oibre a dhéanamh le chéile d'fhonn an dúbailt iarrachta a sheachaint, nuair is féidir.

Leanaimid de thuarascála a eisiúint go poiblí maidir le sábháilteacht, le cáilíocht agus le héifeachtacht seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta. Sa chaoi sin, cuireann an tÚdarás ar chumas an chórais chúram sláinte agus sóisialta an riosca a laghdú go ndéanfaí dochar do dhaoine a úsáideann na seirbhísí nó go n-imreofaí drochíde orthu. Cuirimid bonn eolais faoi bheartais sláinte agus faoi chinntí seirbhísbhunaithe ar infheistíochtaí agus ar dhí-infheistíochtaí. Roinnimid an taithí a fhaighimid ó ghníomhaíochtaí le cách ionas go ndéantar feabhas leanúnach ar phleanáil, ar bhainistiú agus ar sheachadadh seirbhísí.

## 1.2 Ár Sainordú agus ár ngníomhaíochtaí

Údarás neamhspleách is ea an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte a bunaíodh chun feabhsuithe leanúnacha a bhrú chun cinn i seirbhísí cúram pearsanta sláinte agus sóisialta in Éirinn, chun monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar cháilíocht na seirbhísí sin agus chun cúram a bheidh dírithe ar an duine a chur chun cinn ar mhaithe leis an bpobal.

Tá feidhm ag sainordú an Údaráis ar cháilíocht agus ar shábháilteacht na n-earnálacha poiblí, príobháideacha (laistigh dár bhfeidhm cúraim shóisialta) agus deonacha. Tuairiscíonn an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte don Aire Sláinte agus don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige.

TIs iad seo a leanas ceithre chroífheidhm an Údarái:

- **Rialúchán** – clárú na seirbhísí ainmnithe cúram sláinte agus sóisialta, mar aon le maoirseacht agus mionscrúdú orthu, rudaí a chaithfear a dhéanamh de réir na riachtanas dlí is infheidhme.
- **Tacú le feabhsuithe** – rud a bhainfear amach trí chaighdeán a leagan síos, trí threoir a chur ar fáil, agus tríd an acmhainn a thógáil trí thacú le feabhsuithe leanúnacha a chur i ngníomh agus le tionscnaimh feabhsaithe cáilíochta agus sábháilteacht othar a chur chun cinn.
- **Measúnú ar theicneolaíochtaí na sláinte** – comhairle fhianaisebhunaithe a chur ar fáil d'fhonn bonn eolais a chur faoin bpróiseas forbartha beartas agus faoin bpróiseas seachadta seirbhísí.
- **Torthaí a fheabhsú de bharr na faisnéise** – bailiú, úsáid agus comhroinnt na faisnéise sláinte ar bhealach éifeachtach, slán a chur chun cinn.

Oibrímid go dlúth le réimse leathan páirtithe éagsúla, scaipthe chun ár bhfeidhmeanna a chomhlíonadh. I measc na bpáirtithe seo tá daoine a úsáideann seirbhísí sláinte agus sóisialta; a gclann agus a gcairde; an pobal i gcoitinne; gairmithe cúram sláinte agus sóisialta; soláthróirí sna hearnálacha poiblí, príobháideacha agus deonacha; an Roinn Sláinte agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige; agus comhpháirtithe tábhachtacha eile, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tá dlús an Údaráis in 2013 i leith chomhlíonadh a chuid feidhmeanna léirithe ag tosú ár bhfreagrachta as seirbhísí cónaithe do leanaí agus do dhaoine fásta faoi mhíchumas a rialáil. Cuirtear a leithéid de sheirbhísí cónaithe ar fáil do thart ar 9,800 leanbh agus duine fásta in thart ar 1,700 aonad/teach ar fud na tíre, a ritheann 88 soláthróir seirbhíse iad. Foilsíodh na Caighdeáin Náisiúnta um Sheirbhísí Cónaithe do Leanaí agus do Dhaoine Fásta faoi Mhíchumas tar éis próiseas cuimsitheach comhairliúcháin agus rannpháirteachais leis an bpobal. D'fhoilsigh an tÚdarás treoirlínte nua maidir le bailiú faisnéis chúram sláinte agus sóisialta in 2013 freisin.

## Ár sainordú dlíthiúil

Leagtar amach na feidhmeanna reachtúla a chuireann bonn faoi shaothar an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte san Acht Sláinte, 2007, sna hAchtanna um Chúram Leanaí, 1991 agus 2001 (arna leasú), in Acht na Leanaí, 2001, san Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004 agus san Acht um Míchumas, 2005.

Cuirtear i láthair an Tuarascáil Bhliantúil seo, ina dtugtar brec-chuntas ar shaothar an Údaráis ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2013, de réir na gceanglas reachtúil a leagtar síos san Acht Sláinte, 2007 agus cuimsíonn sí socruithe an Údaráis i ndáil leis an gCód Rialachais do Chomhlachtaí Poiblí a chur i bhfeidhm agus a chomhlíonadh. Áirítear léi chomh maith Tuarascáil Bhliantúil Phríomhchigire na Seirbhísí Sóisialta agus an Tuarascáil Bhliantúil ar an Rialachas agus ar an gComhlíonadh de bhun an Achta Sláinte, 2007.

## 1.3 Ráiteas bunchuspóra agus treoirphrionsabail chorparáideacha

Is ann don Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte chun feabhsuithe inbhuanaithe a chur chun cinn, daoine a chosaint agus iad ag úsáid seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta, agus tacú le cinntí eolasacha maidir leis an gcaoi a seachadtar seirbhísí. Is de réir an bhunchuspóra seo a threoraítear agus a stiúrtar an tÚdarás.

Tá na treoirphrionsabail chorparáideacha beartaithe chun a gcreidimid a bhfuil tábhachtach, an chaoi a n-oibrímid agus an tuairim atá súil againn a bheidh ag páirtithe leasmhara seachtracha fúinne a chur in iúl, chomh maith leis an éiteas agus leis an gcur chuige a spreagtar ár bhfoireann chun cloí leo. Is orthu atá cultúr na heagraíochta bunaithe. Luaitear ár gcúig threoirphrionsabal chorparáideacha anseo thíos agus léirítear i bhFigiúr 1 iad.

**Figure 1:**

Treoirphrionsabail chorparáideacha an Údaráis




- **Tús áite do dhaoine** – tugaimid tús áite do riachtanais agus do ghuthanna na ndaoine a úsáideann agus a sholáthraíonn na seirbhísí i ngach a ndéanaimid.
- **Cothrom na Féinne** – déanaimid ár seacht ndícheall bheith cothrom agus oibiachtúil agus muid ag plé le daoine agus le heagraíochtaí. Tugaimid faoinár gcuid oibre gan chamadh, gan chlaonadh.
- **Oscailte agus Cuntasach** – roinnimid faisnéis faoin gcineál oibre a dhéanaimid agus faoi na torthaí a bhainimid amach dá barr. Glacaimid lánfhreagracht as na bearta uile a dhéanaimid.
- **Sármhaitheas agus Nuáil** – déanfaimid gach iarracht sármhaitheas a bhaint amach inár gcuid oibre. Déanaimid ár ndícheall feabhsuithe leanúnacha a bhaint amach trí fhéinmheasúnú agus trí nuáil.
- **Obair le Chéile** – oibreoimid i gcomhar leis na daoine a sholáthraíonn na seirbhísí agus leo siúd a úsáideann iad agus na gnéithe uile dár gcuid oibre á bhforbairt againn.

# 2 Rialachas agus bainistíocht

# 2 Rialachas agus bainistíocht

## 2.1 Ár mBord

Cuireadh Bord an Údaráis ar bun den chéad uair ar an 15 Bealtaine 2007. Tá ar an mBord cathaoirleach agus 11 stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin. Tagann na comhaltaí boird ó réimse leathan gairmeacha beatha san earnáil chúram sláinte agus sóisialta agus in earnáil na tionsclaíochta.

Ceapadh Brian McEnery mar an cathaoirleach nua ar an mBord i Mí na Bealtaine 2013. D'éirigh iarchathaoirleach an Bhoird, Pat McGrath, as i Mí na Bealtaine 2013. Bhí Pat ina chathaoirleach ar an Údarás ar feadh sé bliana agus bhí sé ina chathaoirleach ar an Údarás Eatramhach ar feadh 2½ bhliain roimhe sin. Ceapadh ar an 28 Meán Fómhair 2004 é agus ba é an chéad chathaoirleach ar an Údarás. Bhí sé ina chathaoirleach ar feadh 8½ mbliana, tréimhse a ndeachaigh a chuid tiomantais agus ceannaireachta i bhfeidhm go mór ar ról agus ar fheidhmeanna an Údaráis lena linn.

I measc chomhaltaí an Bhoird in 2013 bhí:



**Brian McEnery***
*(Cathaoirleach)*

Comhpháirtí in BDO, Cuntasóirí agus Comhairleoirí Gnó. Comhalta, Comhairle Dhomhanda ACCA



**Pat McGrath****
*(Iar-Chathaoirleach)*

Leaschathaoirleach, Forbairt Idirnáisiúnta, PM Group.



**Philip Caffrey**

Iar-Stiúrthóir United Drug cpt agus Iar-Stiúrthóir Údarás Eitlíochta na hÉireann.



**Samuel J. McConkey**

Ceannasaí Rannóg Sláinte Idirnáisiúnta agus Míochaine Trópaicí Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn. Tá sé i gceannas ar an tSeirbhís Galar Aicídeach, Cliniciúil agus Míochaine Trópaicí in Ospidéal Beaumont freisin.



**Gráinne Tuke**

Dlíodóir, Deloitte.



**Cillian Twomey**

Geiriatraí ar scor, Comhordaitheoir Líonra na nIntéirneach, Líonra Intéirneach Choláiste na hOllscoile Corcaigh-an Deiscirt, Cathaoirleach ar Bhord Ospidéal Phádraig, Ospís Marymount, Corcaigh.

* Chuaigh sé/sí isteach sa Bhord i Mí na Bealtaine 2013. ** D'éirigh sé as mar Chathaoirleach an Bhoird i rith 2013.



**Darragh O'Loughlin**

Ard-Rúnaí Aontas Cógaisíochta na hÉireann.



**Sheila O'Malley**

Iar-Phríomhoifigeach Altranais, an Roinn Sláinte. Iar-Uachtarán ar Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann.




**David Molony**

Liachleachtóir ginearálta, comhalta de Choiste Liachleachtóirí Ginearálta Cheardchumann Dochtúirí na hÉireann, ionadaí do Chumann Náisiúnta na dTraenálaithe sa Chleachtadh Ginearálta, cathaoirleach ar Chumann na nOifigeach Míochaine Ráschúrsaí agus comhalta bunaidh de Chumann Cúraim Phríomhúil na hÉireann.



**Mo Flynn*****

Príomhoifigeach feidhmiúcháin Ospís agus Seirbhísí Cúraim Mhuire i mBaile Átha Cliath. Iar-Bhainisteoir Náisiúnta ar Rannóg Daoine Scothaosta FSS. Comhalta de Bhord Chumann na gCúramóirí agus de Bhord Institiúid Uile-Éireann an Chúraim Ospíse agus Mhaolaithigh.




**Una Geary*****

Comhairleach sa Leigheas Éigeandála in Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath. Léachtóir oinigh i Scoil na Míochaine, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.



**Linda O'Shea Farren*****

Dlíodóir. Seanadóir de chuid Ollscoil na hÉireann agus Gobharnóir de chuid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh.



**Anne Carrigy*****

Iar-Cheannaire ar Sheirbhísí Ospidéil Ghéarmhíochaine FSS. Iar-Uachtarán ar Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann.

*** Chuaigh sé/sí isteach sa Bhord i Mí Feabhra 2013.

Is é an Bord comhlacht rialaithe an Údaráis agus tá sé freagrach as rialú cuí an Údaráis. Cinntíonn an Bord go mbíonn córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh, comhlíonta reachtúil agus oibríochtúil, agus bainistíocht riosca ag an Údarás. Urramaíonn an tÚdarás ardchaighdeáin rialachais agus comhlíonta chorparáidigh.

## 2.2 Cruinnithe an Bhoird

Tionóltar sé chruinniú boird reachtúla in aghaidh na bliana. Tionóladh seacht gcruinniú boird sa bhreis in 2013 (féach Aguisín 1 le haghaidh tuilleadh eolais agus thinreamh chomhaltaí an Bhoird).

## 2.3 Coistí an Bhoird

Tugann ceithre choiste boird, a leagtar cúraimí ar leith orthu, tacaíocht don Bhord le rialú an Údaráis:

- Tacaíonn an Coiste Rialachais Cúram Sláinte agus Sóisialta le maoirseacht an Bhoird ar éifeachtacht sheachadadh fheidhmeanna sláinte agus cúraim shóisialta an Údaráis agus ar na rialúcháin a bhaineann le seachadadh na bhfeidhmeanna sin.
- Tacaíonn an Coiste Faisnéise, Taighde agus Teicneolaíochtaí leis an mBord le rialú fheidhmeanna an Údaráis i leith measúnacht a dhéanamh ar theicneolaíochtaí faisnéise agus sláinte
- Tacaíonn an Coiste Iniúchta agus Rialachais Chorparáidigh leis an mBord trí mhonatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh fheidhmeanna reachtúla an Údaráis agus ar éifeachtacht na socruithe rialachais chorparáidigh, bainistíocht airgeadais, soláthair, bainistíocht riosca agus iniúchta inmheánaigh.
- Tacaíonn an Coiste Luach Saothair agus Ainmniúchán leis an mBord trí mhonatóireacht a dhéanamh ar riachtanais eagraíochtúla agus ar fhorbairt bhainistiúil an Údaráis.

## 2.4 Struchtúr eagraíochtúil

Léiríonn struchtúr eagraíochtúil an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte a chroíghníomhaíochtaí .i. Rialachán, Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte, Faisnéis agus Sábháilteacht Sláinte agus Feabhsú Cáilíochta, chomh maith leis na seirbhísí tacaíochta a chuireann ar ár gcumas ár gcuspóirí corparáideacha a chomhlíonadh. I measc na seirbhísí tá an Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Corparáideacha, an Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Dlí agus Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh. Is iad an Príomhfheidhmeannach agus na Stiúrthóirí Feidhmiúcháin atá i gceannas ar an eagraíocht, dream lena dtacaíonn bainisteoirí sinsearacha atá freagrach as na croífheidhmeanna gnó. Tugtar breac-chuntas sa tábla seo a leanas (Tábla 1) ar an gcaoi a gcomhlíonaimid ár bpríomhghnó.

**Tábla 1**

Feidhm gach Stiúrthóireachta

| Stiúrthóireacht | Léargas Ginearálta ar an bhFeidhm |
|---|---|
| **An Stiúrthóireacht Rialacháin** | Clárú na seirbhísí ainmnithe cúram sláinte agus sóisialta, mar aon le maoirseacht agus mionscrúdú orthu, de réir na riachtanas dlí is infheidhme. Leanfaimid dár gcur chuige i leith an rialacháin a fhorbairt de réir beartais rialtais mar a thagann siad chun cinn, i gcomhthéacs deacair ó thaobh an airgid de agus de réir na bprionsabal dea-rialacháin a bhfuil glacadh leo ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. |
| **An Stiúrthóireacht um Fheabhsú Sábháilteachta agus Cáilíochta** | Tacú go gníomhach le cultúr feabhsaithe sábháilteachta agus cáilíochta ar fud an chórais cúram sláinte agus sóisialta agus laistigh de agus an cultúr sin a éascú; cabhrú le hacmhainn agus le hinniúlacht a thógáil i measc na ndaoine a chuireann na seirbhísí ar fáil; caighdeáin agus treoir náisiúnta a fhorbairt i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus modheolaíochtaí agus uirlisí feabhsaithe cáilíochta a sholáthar; scéimeanna a reáchtáil a bhfuil sé mar aidhm acu sábháilteacht agus cáilíocht a áirithiú i soláthar seirbhísí. |
| **An Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Sláinte** | Sainaithint a dhéanamh ar uireasaí faisnéis sláinte agus comhairle a thabhairt maidir leo; creat rialaithe faisnéise a bhunú agus caighdeáin a shocrú le haghaidh na faisnéise sláinte agus na gcóras faisnéis sláinte; agus measúnú a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí sláinte agus sóisialta agus faisnéis a chur ar fáil fúthu. |

| Stiúrthóireacht | Léargas Ginearálta ar an bhFeidhm |
|---|---|
| **An Stiúrthóireacht um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte** | Bonn eolais a chur faoin bpróiseas déanta cinntí náisiúnta ar an úsáid acmhainní inár seirbhísí sláinte, trí mheasúnú a dhéanamh (agus trí thacú leis an bpróiseas measúnaithe) ar éifeachtacht chliniciúil agus ar chost-éifeachtúlacht theicneolaíochtaí na sláinte d'fhonn na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach don othar. |
| **An Stiúrthóireacht um Chumarsáid agus Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara** | Bealaí cumarsáide uile an Údaráis a bhainistiú, le grúpaí inmheánacha agus seachtracha araon, agus caidrimh chomhoibríocha a fhorbairt ar fud na gcóras cúram sláinte agus sóisialta. |
| **An Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Corparáideacha** | Deimhin a dhéanamh de go bhfuil an tÚdarás oiriúnach dá fheidhm bheartaithe trí leas, bainistiú feidhmíochta agus earcaíochta foirne a bhainistiú ar bhealach éifeachtach agus trí áitribh, córais faisnéise agus seirbhísí tacaíochta eile a chur ar fáil. |
| **Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh** | Maoirseacht, treoir agus tacaíocht a sholáthar le cumasú don Údarás a chuspóirí a bhaint amach ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil, dea-rialaithe. |

# 3 Cuspóirí straitéiseacha agus éachtaí

# 3 Cuspóirí straitéiseacha agus éachtaí

## 3.1 Cuspóirí straitéiseacha

Tá cúraimí úra, amhail feidhmeanna rialála, leagtha ar an Údarás ag an Rialtas le déanaí, rud a chiallaíonn go bhfuil ár ról ag dul i méid. D'fhoilsíomar Plean Corparáideach 3 bliana nua in 2013, ina leagtar amach cuspóirí an Údaráis don tréimhse 2013-2015. Leagtar amach sa Phlean Corparáideach chomh maith an creat agus na cuspóirí a chuireann ar ár gcumas dualgais, idir dhualgais a bhí orainn cheana agus dhualgais nua, a chomhlíonadh.

Atheagraíodh struchtúir inmheánacha an Údaráis in 2013 d'fhonn a chinntiú go mbeadh ár gcuid cumais, acmhainní, agus inniúlachtaí, agus ár bpróisis ghnó ar aon dul lena chéile. Tá ár bPlean Corparáideach leagtha amach anois ar bhealach a chuireann san áireamh na torthaí is mian lian a bhaint amach; ár gcroíghníomhaíochtaí; ár gcuspóirí straitéiseacha agus na príomhnithe a chuirfidh ar ár gcumas an Plean a sheachadadh. Tá an tÚdarás tar éis sainaithint a dhéanamh ar cheithre thoradh a chaithfimid a bhaint amach chun ár mbunchuspóir a chomhlíonadh. Is iad seo a leanas na torthaí sin:

- **Cúram arna fheabhsú** – éascaímid feabhas inbhuanaithe a chur ar shábháilteacht agus ar cháilíocht na seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta.
- **Daoine arna gcosaint** – gníomhaímid chun an riosca a laghdú go ndéanfaí dochar do dhaoine a úsáideann seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta nó go n-imreofaí drochíde orthu.
- **Daoine arna gcoinneáil ar an eolas** – Tuairiscímid go poiblí ar shábháilteacht, ar cháilíocht agus ar éifeachtacht seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta.



An tAire Stát le freagracht as Míchumas, Comhionannas, Meabhairshláinte agus Daoine Scothaosta, Kathleen Lynch T.D., ag seoladh na gCaighdeán Náisiúnta do Sheirbhísí Cónaithe do Leanaí agus do Dhaoine Fásta faoi Mhíchumas.

- **Bonn eolais arna chur faoi chinntí beartais agus seirbhíse** – cuirimid bonn eolais faoin bpróiseas forbartha beartas agus faoin gcaoi a ndéantar seirbhísí a sheachadadh.

Is í ár dtosaíocht feidhmeanna nua a chomhlíonadh ar bhonn éifeachtúil, éifeachtach ach tús áite a thabhairt do na réimsí sin is mó ar gá le seirbhísí feabhsaithe iontu. Tá an Plean Corparáideach ag treoir chomhtháthú na bhfeidhmeanna úra, ach ag cinntiú ag an am céanna go bhfuil a dtabhairt isteach dea-phleanáilte agus éifeachtach ó thaobh an chostais de. Léirítear sa Phlean ár bhfeasacht ar staid gheilleagrach na tíre agus ar na riachtanais éifeachtúlachta a eascraíonn aisti.

Leagtar amach i bPlean Gnó an Údaráis, 2013 na spriocanna ar ghlacamar leo agus a bhaineamar amach mar a oibrímid i dtreo ár gcuspóirí straitéiseacha meántéarmacha a chomhlíonadh.

Déantar achoimre ar na cuspóirí straitéiseacha anseo thíos agus leagtar amach in Aguisín 2 iad chomh maith.

### An Rialachán:

- Cláir rialála seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta a reáchtáil ionas go gcuirfear brú ar na seirbhísí sin feabhsú go leanúnach, rud a bheidh ina chúis le daoine a chosaint ar bhealach níos fearr agus le torthaí feabhsaithe a bhaint amach d'úsáideoirí na seirbhísí.
- Dualgais rialála a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil agus a chinntiú go gcuirfear na páirtithe leasmhara bainteacha uile ar an eolas faoi thorthaí agus faoi na hiarmhairtí a bheidh ag na torthaí sin ar chúrsaí beartais.

### Tacú le feabhsuithe:

- Treoir agus caighdeáin a fhorbairt a bheidh dírithe ar an duine.
- Acmhainn a fhorbairt agus tacú le cur i bhfeidhm feabhsuithe inbhuanaithe.
- An taithí a fhaightear de dhroim gníomhaíochtaí i ndáil le feabhsú chultúr na sábháilteachta othar a roinnt.

### An Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte:

- Measúnachtaí ar Theicneolaíocht na Sláinte a dhéanamh ar an mbealach is éifeachtúla is féidir.
- Bearta a dhéanamh chun a chinntiú go gcuirfear a leithéid de mheasúnachtaí san áireamh sa bheartas náisiúnta agus sa phróiseas déanta cinntí maidir le seirbhísí.

### An Fhaisnéis Sláinte:

- Caighdeáin a shocrú chun tacú leis an Ríomh-Shláinte.
- Úsáid na faisnéise a chur chun cinn agus a chumasú i dtaca le seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta a phleanáil, a bhainistiú agus a sheachadadh.

## 3.2 Achoimre ar éachtaí idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2013

- Chuireamar tús leis na hionaid ainmnithe do leanaí agus do dhaoine fásta faoi mhíchumas a rialáil ar an 1 Samhain. Rinneadh an beart seo tar éis méid suntasach oibre a dhéanamh i gcomhar le soláthróirí seirbhíse míchumais agus le grúpaí tathanta míchumais chun na caighdeáin a fhorbairt, chomh maith leis an obair a rinneadh i gcomhar leis an Roinn Sláinte i dtaca le foilsiú na gcaighdeán. Sheol an tAire Stát le freagracht as Míchumas, Comhionannas, Meabhairshláinte agus Daoine Scothaosta, Kathleen Lynch T.D., *na Caighdeáin Náisiúnta um Sheirbhísí Cónaithe do Leanaí agus do Dhaoine Fásta faoi Mhíchumas* ar an 14 Bealtaine.

- D'fhoilsíomar *an tIniúchadh ar shábháilteacht, ar cháilíocht agus ar chaighdeán na seirbhísí a sholáthraíonn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte d'othair, mná ag iompar clainne san áireamh, atá i mbaol an mheathlúcháin chliniciúil, lena n-áirítear na seirbhísí dá leithéid a sholáthraítear in Ospidéil na hOllscoile, Gaillimh, agus mar a léiríodh sa chúram a soláthraíodh do Savita Halappanavar.* Tugtar sa tuarascáil seo torthaí an iniúchta, chomh maith le 34 moladh atá dírithe ar na feabhsuithe a chaithfidh Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh, mar aon leis na 18 n-ospidéal máithreachais eile in Éirinn, a dhéanamh.





- D'fhoilsíomar torthaí na measúnachtaí sláinteachais a rinneamar ar 48 ospidéal géarmhíochaine de réir *na gCaighdeán Náisiúnta um Chosc agus Rialú Ionfhabhtuithe atá Bainteach leis an gCúram Sláinte.* Rinneadh 71 moladh chun na seacht n-ospidéal a ndearnadh iniúchadh fógartha orthu. Bhain formhór na moltaí le straitéisí cumarsáide, le socruithe beartáin chúraim, le feidhmiú cláir mhaoirseachta frithmhiocróbaí agus le socruithe oiliúna don fhoireann.

- D'fhoilsíomar *An Tacar Náisiúnta Sonraí Déimeagrafacha agus an Treoir a ghabhann leis le húsáid i socruithe cúram sláinte agus sóisialta in Éirinn* i Mí na Nollag 2013. D'fhoilsíomar i Mí na Nollag freisin ár dtuarascáil ar thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí maidir leis an dréachtchaighdeán náisiúnta agus an treoir a ghabhann leis.

- Rinneamar 814 iniúchadh ar 565 ionad ainmnithe do dhaoine breacaosta agus spleácha. Ciallaíonn sé seo go ndearnadh iniúchadh amháin ar a laghad ar 99% de na hionaid ainmnithe.

- D'fhorbraíomar sé cháipéis treorach d'ionaid ainmnithe chun na coincheapa agus na teimpléid a mhíniú a chabhraíonn le hionaid rialacháin a chomhlíonadh agus caighdeáin a chur i bhfeidhm. Is iad seo a leanas na cáipéisí sin:
  - Treoir maidir leis an gcúram pearsanta
  - Treoir maidir leis an mbainistíocht riosca
  - Treoir maidir leis an ráiteas cuspóra
  - Cúrsaí airgeadais cónaitheoirí
  - Nósanna imeachta sriantacha
  - Dlúthchaidrimh agus Caidrimh Ghnéis
- D'fhoilsíomar measúnachtaí ar theicneolaíocht na sláinte, na measúnachtaí seo a leanas san áireamh:
  - *An Mheasúnacht Teicneolaíocht Sláinte ar Chlár Faireachais le haghaidh Ban faoi bhun 50 Bliain d'aois atá i mBaol Ardaithe na hAilse Cíche.*
  - *An Mheasúnacht Teicneolaíocht Sláinte ar an gComhbhrú Neomatach Eatramhach i gCásanna Tromchúiseacha den Ghalar Artaireach Forimeallach.*
  - *Sraith Measúnachtaí Teicneolaíocht Sláinte ar Thairseacha Cliniciúla/ Atreoraithe i ndáil le Gnáthaimh Sceidealaithe Roghnaithe.*
- D'fhorbraíomar Treoirlínte Náisiúnta um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte a bhfuil sé mar aidhm acu ullmhú measúnachtaí a chur chun cinn atá tráthúil, iontaofa, comhsheasmhach agus bainteach le riachtanais cinnteoirí agus páirtithe leasmhara, agus a thacaíonn le forbairt acmhainne i dtaobh measúnachtaí dá leithéid laistigh den chóras cúram sláinte.




- Rinneadh iniúchtaí agus ullmhaíodh tuarascálacha de réir *na gCaighdeán Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí.* D'fhoilsíomar 60 tuairisc iniúchta ar sheirbhísí leanaí, lena n-áirítear seacht dtuairisc a bhain le Caighdeáin; cúig thuairisc agus phlean feabhsaithe cáilíochta a bhain le seirbhísí cúram altramais; ceithre thuairisc ar aonaid sainchúraim agus ar scoileanna coinneála, chomh maith le 34 tuairisc ar sheirbhísí cónaithe leanaí.
- D'fhoilsíomar *Na Prionsabail Threoracha maidir le Bailiúcháin Náisiúnta Sonraí Cúram Sláinte agus Sóisialta.*

- *D'*fhoilsíomar *An Forbhreathnú ar Chaighdeáin Idir-inoibritheachta sa Chúram Sláinte.*
- D'fhoilsíomar *An Caighdeán Náisiúnta um Fhaisnéis Achoimre ar Scaoileadh an Othair.*
- D'fhoilsíomar *An Treoir ar Chaighdeáin Aicmithe agus Téarmaíochta in Éirinn.*
- D'fhoilsíomar *ár bPlean Corparáideach, 2013-2015*, ina leagtar amach an chaoi a gcomhlíonfar ár bhfeidhmeanna go héifeachtach agus go héifeachtúil mar a rachaidh an tÚdarás i méid.
- Leathamar ár n-oifig réigiúnach i mBaile Átha Claith isteach i spás oifige nua thart ar 976m2 ar achar agus d'fhorbraíomar córas bainistíocht faisnéise nua don Údarás. Ghlacamar páirt sa tionscnamh 'Optimising Power @ Work' de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí. Thug Oifig na nOibreacha Poiblí aitheantas don mhéid a bhaineamar amach in 2013 trí ghradam, a bhfuil tábhacht nach beag ag baint leis, a bhronnadh ar ár gCeannoifig sa chatagóir le haghaidh 'an Fhoirgnimh Aerchóirithe is Fearr' (Cúige Mumhan). Bhuaigh ár n-oifig réigiúnach an catagóir le haghaidh 'an Fhoirgnimh Aerchóirithe is Fearr' (Cúige Laighean) chomh maith.

# 4 Gníomhaíochtaí de réir na Stiúrthóireachta

# 4 Gníomhaíochtaí de réir na Stiúrthóireachta

Déantar achoimre sa chaibidil seo den Tuarascáil Bhliantúil ar an obair a rinne foirne na Stiúrthóireachtaí éagsúla in 2013 leis na cuspóirí straitéiseacha a leagtar amach in Plean Corparáideach an Údaráis, 2013 - 2015 a chur chun cinn. Leagtar amach na cuspóirí straitéiseacha ar leith atá ag gach aon Stiúrthóireacht sna codanna éagsúla den chaibidil seo.

## 4.1 Tuarascáil Oifig an Phríomhchigire (An Stiúrthóireacht Rialacháin)

### 4.1.1 Cúlra

Tá Stiúrthóireacht Rialacháin an Údaráis freagrach as cáilíocht agus as sábháilteacht seirbhísí sonraithe cúram sláinte agus sóisialta do dhaoine fásta agus do leanaí a rialáil agus a scrúdú ar fud fad na hÉireann. Cuimsíonn an Stiúrthóireacht oifig agus ról an Phríomhchigire Seirbhísí Sóisialta (an Chigireacht Seirbhísí Sóisialta roimhe seo). Feidhmíonn an Stiúrthóireacht in dhá réimse ar leith:

1. **Rialáil seirbhísí cúraim shóisialta do dhaoine fásta** – Clárú ionad ainmnithe do dhaoine breacaosta agus spleácha agus ionad do dhaoine fásta faoi mhíchumas, mar aon le hiniúchtaí a dhéanamh orthu, de réir fhorálacha an Achta Sláinte, 2007.

2. **Rialáil seirbhísí cúraim sláinte agus seirbhísí do leanaí agus mionscrúdú orthu** – Monatóireacht a dhéanamh ar sheirbhísí sláinte agus ar sheirbhísí do leanaí de réir na gcaighdeán is bainteach, clárú ionad ainmnithe do leanaí faoi mhíchumas, mar aon le hiniúchtaí a dhéanamh orthu, de réir fhorálacha an Achta Sláinte, 2007, iniúchtaí a dhéanamh ar sheirbhísí cónaithe do leanaí de réir an Achta um Chúram Leanaí, 1991 agus iniúchtaí a dhéanamh ar scoileanna coinneála de réir Acht na Leanaí, 2001.


Comhlíonaimid ár gcuspóirí straitéiseacha chomh maith trí na gníomhaíochtaí rialála a dtugaimid fúthu lena chinntiú go ndéantar an cúram a fheabhsú, go ndéantar daoine a chosaint, go gcoinnítear daoine ar an eolas agus go n-imrímid tionchar ar an gcaoi a ndéantar cinntí ar bheartais agus ar sheirbhísí.

In 2013 leagamar síos dhá chuspóir straitéiseacha shoiléire i ndáil le rialáil seirbhísí inár bPlean Corparáideach. Déantar sa chuid seo a leanas den tuarascáil seo achoimre ar na gníomhaíochtaí a rinneadh agus ar na torthaí a baineadh amach i gcomparáid leis na cuspóirí corparáideacha seo.

Is é seo a leanas an chéad cheann de na cuspóirí seo:

**Beidh cláir reáchtáilte againn le seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta a rialáil d'fhonn daoine a chosaint agus torthaí feabhsaithe a bhaint amach d'úsáideoirí na seirbhísí.**

Sheol an tÚdarás na Caighdeáin Náisiúnta um Sheirbhísí Cónaithe do Leanaí agus do Dhaoine Fásta faoi Mhíchumas.










**1** Clúdach na *gCaighdeán Náisiúnta do Sheirbhísí Cónaithe do Leanaí agus do Dhaoine Fásta faoi Mhíchumas*

**2** Pat McGrath, Cathaoirleach ar an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte idir 2004 agus 2013, ag thabhairt óráide ag an seoladh


**3** Marie Kehoe-O'Sullivan, Stiúrthóir na Stiúrthóireachta um Fheabhsú Sábháilteachta agus Cáilíochta (an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte)

**4** Seoladh na gCaighdeán nu

5 Póstaer a bhí ar taispeáint ag seoladh na *gCaighdeán Náisiúnta do Sheirbhísí Cónaithe do Leanaí agus do Dhaoine Fásta faoi Mhíchumas6*

6 An Dr. Tracey Cooper, Príomhfheidhmeannach an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte; an tAire Stáit Kathleen Lynch T.D.; agus Pat McGrath, Cathaoirleach ar an Údarás idir 2004 agus 2013.







## 4.1.2 Rialáil seirbhísí cúraim do dhaoine fásta

Amhail ar an 31 Nollaig 2013 bhí 566 ionad ainmnithe cláraithe agus bhí trí thionscadal tógála nua do dhaoine breacaosta le clárú. Bhí 28,785 leaba cláraithe san earnáil seo.

In 2013 deonaíodh athnuachan clárúcháin do 52 soláthróir ionad ainmnithe do dhaoine breacaosta agus do dhaoine spleácha.

**Figiúr 2:**

Líon agus céatadán na n-ionad ainmnithe (de réir chineál an tsoláthróra) a bhí cláraithe amhail ar an 31 Nollaig 2013





Rinneamar 814 iniúchadh ar 565 ionad ainmnithe in 2013. Ciallaíonn sé seo go ndearnadh iniúchadh amháin ar a laghad ar 99% de na hionaid chláraithe. Pleanáiltear iniúchtaí, idir fhógartha agus neamhfhógartha, mar chuid dár sceideal bliantúil iniúchtaí

### Míniú ar na ceithre chineál iniúchta:

- **Iniúchtaí Iomlána '18 dToradh'**, ina ndéantar iniúchadh ar cibé acu atá nó nach bhfuil ionad ag comhlíonadh na gcaighdeán agus na rialachán uile. Is iondúil a dhéantar an cineál iniúchta seo nuair atá ionad ag clárú den chéad uair nó nuair atá clárúchán á athnuachan.
- **Iniúchtaí Monatóireachta '10 dToradh'**, ina ndéantar monatóireacht ar chomhlíonadh leanúnach na gcaighdeán agus na rialachán.
- **Athiniúchtaí**, ina ndéantar measúnú iar-iniúchta ar cibé acu atá nó nach bhfuil an soláthróir tar éis na bearta riachtanacha a dhéanamh.
- **Iniúchtaí maidir le saincheist amháin/saincheist ar leith**, a bhíonn bunaithe ar fhógra a fuarthas nó ar fhaisnéis a tháinig chun solais.

### Figiúr 3

Líon agus cineál na gcigireachtaí a rinneadh idir an 1 Eanáir 2013 agus an 31 Nollaig 2013




Léirítear i dTábla 2 anseo thíos líon na gcuairteanna iniúchta a tugadh ar ionaid ainmnithe, mar aon leis an gcéatadán de na hionaid ar tugadh cuairt orthu. As na 565 ionad cláraithe a ndearnadh iniúchadh orthu i gcaitheamh 2013, rinneadh aon iniúchadh amháin ar 66% díobh, rinneadh dhá iniúchadh ar 27%, agus rinneadh trí iniúchadh nó ní ba mhó ná sin ar an 7% eile.

### Tábla 2

Líon na gcuairteanna ar ionaid


| Líon na gcuairteanna ar ionaid | Líon na n-ionad | % de líon na n-ionad | Líon iomlán na gcuairteanna | % de líon iomlán na gcuairteanna |
|---|---|---|---|---|
| 1 chuairt amháin | 373 | 66% | 381 | 46% |
| 2 chuairt | 150 | 27% | 294 | 36% |
| 3 chuairt | 30 | 5% | 96 | 12% |
| 4 chuairt | 9 | 1.5% | 32 | 4% |
| 5 chuairt | 3 | 0.5% | 15 | 2% |
| **IOMLÁN** | **565** | **100%** | **818** | **100%** |

Chuireamar clár píolótach um iniúchtaí dírithe, téamacha ar bun i 52 ceann de na hionaid ainmnithe. Chuir an cur chuige seo ar ár gcumas díriú ar dhá réimse ar leith lena bhfeabhsú le soláthróirí. Ba iad an dá réimse seo an cúram um dheireadh saoil agus an cothú. Chumasaigh an mheicníocht seo dúinn cumarsáid a dhéanamh leis na 52 ionad trí shraith seónna bóthair a chur ar siúl, ar sheónna iad a bhain leis na téamaí a ndéanfaí iniúchadh orthu agus ag ar cuireadh eolas agus treoir ar fáil faoin bpróiseas trí thagairt dár gcreat breithiúnais

nuafhoilsithe. Ina dhiaidh sin rinneamar measúnú agus tuairisciú ar chomhlíonadh na gCaighdeán i ngach ceann de na hionaid. De bharr go raibh cigirí ann sna tithe bhí deis againn breathnú ar aon saincheist nó ar aon riosca a ndearnadh sainaithint orthu a bhain le caighdeáin nó le rialacháin eile. Déanfar measúnú ar an gclár píolótach ag tús 2014 d'fhonn é a thabhairt isteach in ionaid eile. Foilseofar tuairisc ar thorthaí an chláir go luath in 2014 freisin mar chuid de thuarascáil forbhreathnaithe.

### Figiúr 4

Ionaid ar tugadh cuairt orthu i rith an chláir phíolótaigh de réir na hearnála




Faighimid faisnéis ó réimse foinsí le hanailís agus le measúnú riosca a dhéanamh uirthi. Tugaimid faoin obair seo le cois na n-iniúchtaí a dhéanaimid ar sheirbhísí, agus cuireann sí bonn eolais faoinár dtuiscint ar an riosca san earnáil chónaithe do dhaoine breacaosta agus do dhaoine spleácha. Is éard a bhíonn i gceist lena leithéid d'fhaisnéis go hiondúil ná fógraí sonraithe i dtaobh saincheisteanna agus teagmhas a fhaightear ó sholáthróirí cláraithe nó buarthaí a fhaightear ó dhaoine, idir chónaitheoirí, dhaoine muinteartha, bhaill foirne, thacadóirí agus thríú páirtithe, a bhfuil baint dhíreach acu le cónaitheoir nó le cónaitheoirí.

Fuaireamar 6,946 fógra dá leithéid le linn 2013, lena n-áirítear 5,362 fógra a chuir an tÚdarás ar an eolas faoi rioscaí féideartha do shláinte, do shábháilteacht nó do leas cónaitheoirí. Tuairiscíodh 355 buairt i dtaca le daoine breacaosta agus 63 buairt i dtaca le daoine faoi mhíchumas. Bhain formhór na mbuarthaí a cuireadh in iúl don Údarás i dtaca leis an gcúram sláinte agus sóisialta do dhaoine breacaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas leis na nithe seo a leanas:

- gearáin
- an conradh um sholáthar seirbhíse
- an bhainistíocht riosca sláinte agus sábháilteachta
- riachtanais chúram sláinte agus sóisialta
- cearta agus dínit cónaitheoirí
- áitribh atá slán, oiriúnach
- an chosaint agus an tsábháilteacht

- foireann oiriúnach
- líon na mball foirne
- an cúram altranais agus ionchur ó bhaill foirne
- soláthar an chúraim sláinte.

### 4.1.3 Ionaid a Dhúnadh

Tá sé de cheart ag an Údarás machnamh ar ghníomh forfheidhmiúcháin a dhéanamh nuair atá forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhfuil rioscaí tromchúiseacha ann do shláinte agus/nó do leas cónaitheoirí in ionad, nó go bhfuil sárú mór, suntasach á dhéanamh ar na rialacháin de dheasca go bhfuil ag teip ar sholáthróir a dhualgas chun cónaitheoir(í) a chosaint a chomhlíonadh. Dúnadh roinnt ionad ainmnithe do dhaoine breacaosta agus do dhaoine spleácha i gcaitheamh 2013. As an méid seo, níor úsáideadh nósanna imeachta foirmiúla forfheidhmiúcháin ach i leith aon ionaid amháin, cás inar eisíodh an Fógra Togra agus an Fógra i dTaobh Cinnidh le Clárúchán a Chur ar Ceal ar an 04/01/2013. Ghlac an soláthróir le cinneadh an Phríomhchigire. Rinne an tÚdarás monatóireacht ar an ionad fad is a bhí an próiseas seo ar bun chun na cónaitheoirí a chosaint.

### 4.1.4 Rialáil ionad do dhaoine fásta agus do leanaí faoi mhíchumas

Chuir an tAire Sláinte a lámh leis an ordú tosaithe feidhme i ndáil le rialáil ionad ainmnithe do leanaí agus do dhaoine fásta faoi mhíchumas ar an 1 Samhain 2013. Rinneadh an beart seo tar éis méid suntasach oibre a dhéanamh i gcomhar le soláthróirí seirbhíse míchumais agus le grúpaí tathanta míchumais chun na caighdeáin a fhorbairt, chomh maith leis an obair a rinneadh i gcomhar leis an Roinn Sláinte i dtaca le foilsiú na gcaighdeán. Sheol an tAire Lynch *na Caighdeáin Náisiúnta um Sheirbhísí Cónaithe do Leanaí agus do Dhaoine Fásta faoi Mhíchumas* go foirmiúil ar an 14 Bealtaine 2013 agus tháinig siad in éifeacht ar an dáta tosaithe feidhme.

Thug an tÚdarás faoi anailís a dhéanamh ar scála agus ar nádúr na hearnála seo d'fhonn ullmhú don fheidhm nua seo. Tugadh le fios mar thoradh ar an anailís seo go raibh 88 soláthróir éagsúil (FSS ina measc) ag soláthar thart ar 1,700 aonad/teach.Tá dearbhaithe againn i dtús báire go bhféadfadh na seirbhísí seo a athchumrú ina 1,250 ionad ainmnithe, a bheadh le clárú leis an Údarás laistigh de thréimhse trí bliana. Is dealraitheach go mbeadh san áireamh san fhigiúr sin thart ar 100 ionad do leanaí agus/nó ionad measctha, a sholáthródh cúram do leanaí agus do dhaoine fásta araon.



An Dr. Tracey Cooper, Príomhfheidhmeannach an Údaráis; Brian McEnery, Cathaoirleach an Údaráis; agus Kathleen Lynch T.D., an tAire Stát le freagracht as Míchumas, Comhionannas, Meabhairshláinte agus Daoine Scothaosta, ag fógairt thosú rialáil na seirbhísí cónaithe do leanaí agus do dhaoine fásta faoi mhíchumas.

Tá tábhacht nach beag ag baint le tosú rialáil na seirbhísí seo i leith cáilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí seo a chur chun cinn. Cuireadh tús le clárú na seirbhísí seo agus le hiniúchtaí a dhéanamh orthu ar an 1 Samhain agus táthar ag súil anois go gclárófar na chéad ionaid go luath in 2014

### 4.1.5 Clár Dearbhaithe agus Rialála i ndáil le cáilíocht agus le sábháilteacht seirbhísí sainithe cúram sláinte agus sóisialta do leanaí in Éirinn


Soláthraítear cóiríocht do leanaí faoi chúram sa chúram altramais agus i seirbhísí cónaithe, a ritheann FSS agus soláthróirí príobháideacha iad. Soláthraítear seirbhísí do leanaí a bhfuil a sábháilteacht agus a leas i mbaol freisin. Atheagraíodh ár bhfoireann leanaí in 2013 d'fhonn a chinntiú go leanfaimid ar aghaidh ag forbairt caighdeán, rialachán agus gníomhaíochtaí maoirseachta le haghaidh na seirbhísí ábhartha uile do leanaí, agus ag tuairisciú orthu, de réir na ndualgas atá orainn de bhun an Achta Sláinte, 2007, Acht na Leanaí, 2001 (arna leasú) agus an Achta um Chúram Leanaí, 1991.

Bhí i gceist leis seo iniúchtaí a dhéanamh ar sheirbhísí sna réimsí seo a leanas:

- Ionaid chónaithe do leanaí
- aonaid sainchúraim
- scoileanna coinneála
- seirbhísí cosanta agus leas leanaí
- seirbhísí cúram altramais
- ionaid ainmnithe do leanaí faoi mhíchumas.

**Figiúr 5**

Líon na n-iniúchtaí a rinneadh laistigh den tréimhse 12 mhí ón 1 Eanáir 2013.




I ndiaidh fhoilsiú na gCaighdeán Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (2012), agus de réir ár sainchúraim faoin Acht Sláinte, 2007, rinneamar iniúchadh ar sheirbhísí cosanta leanaí agus ar sheirbhísí leas leanaí i seacht limistéar sláinte áitiúla in 2013. Thuairiscíomar torthaí na n-iniúchtaí seo do FSS, rud a chinntigh gur cuireadh i ngníomh na pleananna feabhsaithe cáilíochta a bhí ag teastáil chun feabhsú na seirbhísí a bhrú chun cinn

Rinne an tÚdarás sainaithint ar na téamaí seo a leanas:

- Go raibh bearta tráthúla á ndéanamh le leanaí i mbaol láithreach a chosaint.
- Go raibh leanaí ag fáil seirbhís oibre shóisialta ar dhea-chaighdeán, go raibh na measúnachtaí a bhí á ndéanamh ar dhea-chaighdéan, agus go raibh an chuid ba mhó de na seirbhísí leanaí agus teaghlaigh ag feidhmiú de réir na Treorach Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (2011).
- Gurbh ann do liostaí feithimh fada le haghaidh seirbhísí cosanta agus leas leanaí agus go raibh roinnt mhaith leanaí tamall fada ag feitheamh ar sheirbhísí, measúnachtaí san áireamh.
- Go raibh folúntas i 20% de na poist ar roinnt foirne, rud a bhí ag dul i bhfeidhm ar sheirbhísí díreacha cosanta leanaí agus ar rochtain ar sheirbhísí tacaíochta eile.
- Go raibh roinnt leanaí a measadh a bhí i mbaol gan oibrí sóisialta.
- Go raibh drochbhail ar chórais agus ar infreastruchtúr bainistíocht faisnéise.
- Nach raibh ach rochtain theoranta ag baill foirne ar dheiseanna oiliúna leanúnaí agus forbartha gairmiúla.

Rinneadh iniúchtaí ar chúig sheirbhís cúram altramais chomh maith, lena n-áirítear ionad acmhainní altramais amháin a sholáthair seirbhísí do cheithre limistéar sláinte áitiúla in 2013. Foilsíodh na tuarascálacha agus na pleananna feabhsaithe cáilíochta i leith na seirbhísí seo ar www.hiqa.ie. Is iad seo a leanas roinnt de na téamaí a tháinig chun solais de bharr na n-iniúchtaí:

- Gur sholáthair na cúramóirí altramais cúram ar dhea-chaighdeán do na leanaí.
- Go raibh na measúnachtaí ar chúramóirí altramais ar dhea-chaighdeán, ach nach raibh siad á ndéanamh ar bhealach tráthúil.
- Go raibh roinnt mhaith leanaí ina gcónaí in éineacht le cúramóirí altramais muinteartha, rud a thacaigh leo coinneáil i dteagmháil lena dteaghlaigh, lena scoileanna agus leis an bpobal.
- Go raibh roinnt leanaí ina gcónaí i socrúcháin chúram altramais neamhcheadaithe ar feadh tréimhsí fada.
- Nach raibh coistí altramais ag feidhmiú de réir threoirlínte FSS.
- Nach raibh cúramóirí altramais faoi réir athbhreithniú.
- Nach raibh oibrí tacaíochta ag cúramóirí altramais i roinnt cásanna agus nach raibh maoirseacht á déanamh ar gach socrúchán mar ba cheart.
- Nach raibh oiliúint chuí á cur ar chúramóirí altramais ná ar bhaill foirne oibre sóisialta.
- Nár leor an soláthar cúram altramais do leanaí a raibh riachtanais chasta acu.

In 2013 rinneamar iniúchadh ar thrí aonad sainchúraim agus ar 34 ionad cónaithe do leanaí, lena n-áirítear trí iniúchadh ar chúig aonad ardtacaíochta. Bhí orainn athiniúchadh a dhéanamh ar sé cinn de na haonaid de bharr go raibh ár dtorthaí ina n-údar imní dúinn.

Is iad seo a leanas roinnt de na téamaí a tháinig chun solais de thoradh ar na hiniúchtaí seo

- Go raibh cúram ar dhea-chaighdeán á chur ar fáil do leanaí ó lá go lá i bhformhór na gcásanna.
- Gur dheacair le cuid mhaith ionad seirbhís a sholáthar do leanaí a raibh fadhbanna iompraíochta acu. Chuir sé seo isteach ar chearta leanaí.
- Nach raibh cuspóirí ná aidhmeanna roinnt ionad soiléir. Glacadh le leanaí de bharr go raibh áiteanna fágtha, rud a bhí ina chúis le socrúcháin a chríochnú ar bhealach neamhphleanáilte.
- Nach raibh gach ionad rialaithe go maith.
- Nach raibh an cúram a bhí á chur ar fáil do leanaí ar cháilíocht dhearbhaithe.
- Go raibh drochbhail ar roinnt áitreabh nó nach raibh siad oiriúnach agus go raibh ceisteanna sábháilteacht dóiteáin ann le hionaid eile.
- Nach raibh na baill foirne maoirsithe go maith agus nach bhfuair siad a ndóthain deiseanna leanúnacha oiliúna.

Rinneadh iniúchtaí ar scoileanna coinneála i Mí an Mheithimh 2013. Tá trí cinn de na scoileanna coinneála ar an aon champas amháin agus tá aon bhord bainistíochta amháin acu. Tugtar Campas Bhaile an Oibricigh air anois. Déantar plé leis na trí scoil mar aon champas amháin sa tuarascáil iniúchta.

Bhí measúnú déanta ag an bhfoireann leanaí ar 184 píosa faisnéise gan iarraidh faoin 31 Nollaig 2013, de réir na mbeartas agus na bpróiseas ar marthain.

Le linn 2013 thugamar faoi bheart nach beag lena áirithiú go mbíonn ár ngníomhaíochtaí iniúchta agus measúnaithe in oiriúint lenár gcreat modheolaíoch a forbraíodh le gairid. Tá sé seo ag dul lenár gcinneadh chun deimhin a dhéanamh de go ndéantar measúnacht iomlán ar na seirbhísí leanaí uile atá faoinár gcúram.

D’fhoilsíomar thuarascáil forbhreathnaithe in 2013 ar thorthaí na n-iniúchtaí a rinneadh ar sheirbhísí altrama agus ar sheirbhísí cónaithe leanaí in 2012. Táthar ag súil go bhfoilseofar tuarascáil chosúil i ráithe 1, 2014 ina dtabharfar sonraí maidir le torthaí na n-iniúchtaí a rinneadh ar sheirbhísí leanaí in 2013.

### 4.1.6 Clár Dearbhaithe i ndáil le cáilíocht agus le sábháilteacht seirbhísí sainithe cúram sláinte in Éirinn

De réir an Achta Sláinte, 2007 is muidne atá freagrach as caighdeáin a fhorbairt i dtaobh cáilíocht agus sábháilteacht seirbhísí cúram sláinte agus as monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán sin. Tá de dhualgas orainn chomh maith, de réir an Achta, iniúchadh a dhéanamh ar bhuarthaí tromchúiseacha faoi shláinte agus faoi leas úsáideoirí seirbhísí, nuair is gá.




An Stiúrthóir Rialacháin, Phelim Quinn.

### 4.1.7 Clár monatóireachta de bhun *na gCaighdeán Náisiúnta um Chosc agus Rialú Ionfhabhtuithe atá Bainteach leis an gCúram Sláinte.*

Cuireadh tús leis an gcéad chéim de chlár monatóireachta an Údaráis de bhun *na gCaighdeán Náisiúnta um Chosc agus Rialú Ionfhabhtuithe atá Bainteach leis an gCúram Sláinte* (na Caighdeáin um Chosc agus Rialú Ionfhabhtuithe) i Mí na Samhna 2012. Cuireadh tús leis an dara céim den chlár i Mí Eanáir 2013 agus lean sí ar aghaidh ar feadh na bliana. Tá iniúchtaí, idir fhógartha agus neamhfhógartha, déanta ar 48 ospidéal géarmhíochaine in Éirinn go dtí seo. Foilsíodh torthaí na n-iniúchtaí uile d'éis a ndéanta

Cabhraíonn na Caighdeáin um Chosc agus Rialú Ionfhabhtuithe agus clár monatóireachta an Údaráis le hionfhabhtuithe atá bainteach leis an gcúram sláinte a laghdú agus a chosc d'fhonn cáilíocht agus sábháilteacht seirbhísí sláinte a fheabhsú. Tá sé mar aidhm ag an Údarás, trína chláir mhonatóireachta agus trí mhonatóireacht a dhéanamh ar thorthaí agus ar eochairtháscairí feidhmíochta go tréimhsiúil, a dhearbhú don phobal go mbíonn soláthróirí seirbhísí ag comhlíonadh na gcaighdeán.

Thug an tÚdarás faoi deara in 2013 go raibh feabhas tagtha ar an gcuid ba mhó de na hospidéil a raibh gá le hathiniúchadh a dhéanamh orthu. D'fhreagair na hospidéil do na moltaí a rinne an tÚdarás mar thoradh ar ár gclár iniúchta ar bhealach dearfach, cuiditheach i bhformhór na gcásanna. Léiríonn sé seo tionchar agus éifeachtacht ár gcuid oibre i socrúcháin cúram sláinte. Bíonn sé seo léirithe chomh maith sna tuairiscí chun dáta a thugtar ar Phleananna Feabhsaithe Cáilíochta ar shuíomhanna Idirlín bainteacha.


OEisíodh 71 moladh ar an iomlán do na seacht n-ospidéal a ndearnadh measúnacht monatóireachta fhógartha orthu i gcaitheamh 2013. Bhain formhór na moltaí le bunú agus le cur i ngníomh straitéisí cumarsáide, le socruithe beartáin chúraim, le forbairt agus le cur i bhfeidhm clár maoirseachta frithmhiocróbaí agus le deiseanna oiliúna a chur ar fáil do bhaill foirne maidir le hionfhabhtuithe atá bainteach leis an gcúram sláinte a chosc agus a rialú.

### 4.1.8 Fáil faisnéise agus buarthaí agus anailís a dhéanamh orthu

Cuireann réimse foinsí éagsúla faisnéis agus buarthaí ar ár súile dúinn agus déanaimid anailís agus measúnú riosca orthu. Rinneamar plé le 243 píosa faisnéise dá leithéid i rith 2013. Thug an fhaisnéis seo cúnamh dúinn ár gcuid acmhainní a dhíriú ar na réimsí ba mhó baol.

Le linn 2013 leanamar de chíoradh a dhéanamh ar bhealaí ní b'éifeachtaí chun faisnéis feidhmíochta agus faisnéis eile a fháil ó fhoinsí áitiúla agus náisiúnta agus anailís a dhéanamh orthu, d'fhonn deimhin a dhéanamh de go gcuirfear bonn faisnéise níos fearr faoi na cláir mhonatóireachta dár gcuid. Chuir an fhaisnéis a fuaireamar le linn 2013 bonn faisnéise faoi fhorbairt ár gcláir dhearbhaithe cúram sláinte trí bliana.

### 4.1.9 An Clár Dearbhaithe Trí Bliana




De réir cheanglais an Achta Sláinte, 2007 agus d'fhonn clár monatóireachta réamhghníomhach ar sholáthróirí seirbhíse a fhorbairt de réir na gCaighdeán Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte, Níos Fearr, chuamar i ndáil chomhairle le páirtithe leasmhara le fáil amach na réimsí is cóir don Údarás a chur san áireamh ina leithéid de chlár. Rinneamar spíonadh ar na moltaí uile a fuarthas le linn an phróisis comhairliúcháin. Ní bhfuarthas ach líon teoranta freagraí ar an gcomhairliúchán.

Cuireadh topaicí áirithe faoi chaibidil trí thagairt do cibé acu a bhí nó nach raibh fáil ar threoirlínte breise nó ar chreat i dtaca leo a chabhródh le measúnacht ní ba chuimsithí a dhéanamh ar cháilíocht agus ar shábháilteacht an réimse topaice.

Cuireadh na ceisteanna seo a leanas faoi chaibidil agus na réimsí topaice á meas:

- An bhfuil an cheist aitheanta agus/nó ina tosaíocht náisiúnta i dtaobh na sábháilteachta agus/nó na cáilíochta.
- An mbeadh éagsúlachtaí sa cháilíocht ina gcúis leis na daoine ábhartha a chur i mbaol tromchúiseach.
- An bhfuil an cheist ina húdar imní suntasaí nó an bhfuil sí ag éirí ina húdar imní.

Chuireamar tús le hathbhreithniú pleanáilte dearbhaithe dá éis sin ar shocruithe rialachais i nGrúpa Ospidéal Luimnigh agus ar na hiarmhairtí a bhíonn ag na socruithe sin ar cháilíocht agus ar shábháilteacht an tsoláthair seirbhíse. Foilseofar tuarascáil ar an measúnacht go luath in 2014.

D'fhógraíomar réimsí eile a ndéanfar measúnú orthu mar chuid den chlár dearbhaithe. Is iad seo a leanas na réimsí sin:

- A rDéanfar athbhreithniú ar na socruithe rialachais atá i bhfeidhm in dhá cheann de na hocht ngrúpa ospidéal chun cáilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí a áirithiú i gcomhthéacs na gcaighdeán náisiúnta agus na moltaí a rinneadh de thoradh ar iniúchtaí. Is iad seo a leanas na grúpaí ospidéal sin:
    - Grúpa Ospidéal na hOllscoile, Luimneach
    - Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise

- Déanfar measúnú ar cháilíocht agus ar shábháilteacht na seirbhísí a chuirtear ar fáil d'othair a bhfuil muineál a bhféimir briste acu thar na cúig ghrúpa ospidéal, nó in 18 n-ospidéal ar an iomlán.
- Déanfar measúnú ar na socruithe atá i bhfeidhm i 49 ospidéal le deimhin a dhéanamh de go ndéantar othair scothaosta a úsáideann seirbhísí ospidéil ghéarmhíochaine ghinearálta a mheasúnú agus a bhainistiú mar is ceart chun freastal ar na riachtanais aonair hiodráitithe agus cothaithe a bhíonn acu.
- Déanfar athbhreithniú ar na socruithe rialachais atá ann i ndáil le seirbhísí cúram éigeandála réamhospidéil chun a chinntiú go ndéantar othair atá tinn go géar a mheasúnú, a dhiagnóisiú agus a thúsbhainistiú mar is ceart agus go n-iompraítear chuig saoráid oiriúnach cúram sláinte iad.

### 4.1.10 Iniúchtaí reachtúla

Chuireamar i gcrích an t-iniúchadh ar shábháilteacht, ar cháilíocht agus ar chaighdeán na seirbhísí a sholáthraíonn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte d'othair, mná ag iompar clainne san áireamh, atá i mbaol an mheathlúcháin chliniciúil, lena n-áirítear na seirbhísí dá leithéid a sholáthraítear in Ospidéil na hOllscoile, Gaillimh, agus mar a léiríodh sa chúram agus sa chóireáil a soláthraíodh do Savita Halappanavar. Foilsíodh an tuarascáil ar an iniúchadh seo ar an 9 Deireadh Fómhair 2013.

Rinneadh roinnt moltaí, idir mholtaí áitiúla agus náisiúnta, de dhroim an iniúchta, a raibh mar aidhm acu feabhsuithe a dhéanamh ar sheirbhísí máithreachais agus ar sheirbhísí eile. Tá na moltaí seo le fáil ar ár suíomh Idirlín ag www.hiqa.ie. Tugadh faoi deara sa tuarascáil 258 leathanach:

- Go ndearnadh faillí sna gnéithe ba bhunúsaí den chúram othair a soláthríodh do Savita Halappanavar.
- Go raibh foinsí iomadúla, díchosúla bailithe sonraí á n-úsáid chun sonraí maidir leis an ngalracht agus leis an mortlaíocht máithreacha a bhailiú in Éirinn agus nárbh ann d'aon chur chuige láraithe ná comhsheasmhach i leith na sonraí seo a thuairisciú.




An Dr. Nuala Lucas, Ainéistéisí Comhairleach agus ball d'fhoireann iniúchta an Údaráis; agus Phelim Quinn, Stiúrthóir na Stiúrthóireachta Rialacháin

- Gurbh ann d'éagsúlachtaí nár bheag idir na socruithe cliniciúla agus rialachais chorparáidigh a bhí i bhfeidhm sna 19 n-ospidéal/n-aonad máithreachais phoiblí ar fud na tíre, rud a chiallaigh go raibh sé deacair measúnú ceart a dhéanamh ar fheidhmíocht, ar shábháilteacht agus ar cháilíocht na seirbhíse máithreachas ar bhonn náisiúnta.
- Nach raibh athbhreithniú náisiúnta, ná measúnacht riachtanas náisiúnta ar bhonn daonra, déanta go dtí sin le sainaithint a dhéanamh ar an leithdháileadh cuí acmhainní, socruithe le haghaidh oibrithe ildisciplíneacha san áireamh, ná ar na samhlacha cúraim a bhí ag teastáil lena chinntiú go raibh roghanna iomchuí ag gach bean ag iompar clainne agus go raibh rochtain acu ar an leibhéal ceart cúraim agus tacaíochta ag an am ceart in Éirinn.

Tháinig chun solais de thoradh ar an iniúchadh easnaimh shuntasacha sa chaoi ar glacadh leis an bhfoghlaim bhainteach, i réimsí ar nós seirbhísí máithreachais agus othar atá ag meathlú go cliniciúil go háirithe, agus ar cuireadh i bhfeidhm í ar na leibhéil áitiúla agus náisiúnta tar éis iniúchtaí agus fiosrúchán eile a rinneadh in Éirinn agus ar fud an domhain.

Rinneadh 34 moladh sa tuarascáil. Moladh gur gá straitéis náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i leith seirbhísí máithreachais, a chuirfeadh ar chumas seirbhísí céim a thógáil i dtreo samhail cúram máithreachais a chur i ngníomh ó cheann ceann na tíre a bheidh ar ardcháilíocht, slán sábháilte, agus bunaithe ar an dea-chleachtas.

Moladh chomh maith gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar plé leis an tseipsis, le mná ag iompar clainne atá ag meathlú go cliniciúil, le rogha an othair agus le samhlacha cúraim, agus ar an gcaoi a mbainistítear iad, mar aon le deimhin a dhéanamh de go soláthraítear oibrithe atá dea-oilte, inniúil ar féidir leo cúram slán sábháilte agus éifeachtach a chur ar fáil ag aon am. Rinne an tÚdarás moladh ar leith don Roinn Sláinte gur chóir dóibh 'cód iompraíochta' a fhorbairt d'fhostaithe. Tá na moltaí seo le fáil ar ár suíomh Idirlín: http://www.hiqa.ie/healthcare/focus-quality-safety/investigations/galway

### 4.1.11 Rialacháin maidir le nochtadh othar ar an radaíocht ianúcháin

Leanadh den phlé leis an Roinn Sláinte le linn 2013 faoin bhfreagreacht as maoirseacht a dhéanamh ar rialacháin in Éirinn a aistriú chun an Údaráis mar chomhlacht inniúil, agus faoin ngá le feidhm iniúchta a chur le hIonstraim Reachtúil 478. Tuigtear anois go mbeidh leasú ar an Acht Sláinte, 2007 ag teastáil chun comhlacht inniúil a dhéanamh den Údarás. Táthar ag súil go leanfar den obair leis an Roinn in 2014 le haistriú na freagrachta seo a éascú.

### 4.1.13 Rialáil ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil, torthaí agus tionchar ar chúrsaí beartais a thomhas, agus cumarsáid a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara uile is bainteach.

Choinníomar clár suntasach cumarsáide agus rannpháirteachais le páirtithe leasmhara agus le heagraíochtaí tábhachtacha ó thús deireadh na bliana 2013 a bhain leis na cláir rialála a bhí againn cheana agus a bhí á bhforbairt againn agus leis an tionchar a bhí siad ag imirt ar cháilíocht agus ar shábháilteacht seirbhísí.


Mar chuid de na cláir seo reáchtáladh imeachtaí ar leith a bhí dírithe ar fhoirne de chuid FSS sna réimsí seo a leanas:

- Ionaid ainmnithe do dhaoine breacaosta.
- Foirne bainistíochta de chuid FSS i réimse na seirbhísí cosanta agus leas leanaí.
- Fóram sábháilteachta FSS maidir le ról an Údaráis i monatóireacht a dhéanamh de réir *na gCaighdeán Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte, Níos Fearr.*
- Trí Chomhsheimineár idir an tÚdarás agus FSS, le soláthróirí seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas, a bhí ar siúl i Mí na Nollag 2013.

Reáchtáladh seisiúin eolais i Sligeach, i mBaile Átha Cliath, agus i gCorcaigh i gcaitheamh Mhí Aibreáin, Mhí Dheireadh Fómhair agus Mhí na Samhna 2013 do sholáthróirí agus do dhaoine a bhfuil páirt acu i mbainistiú ionad do dhaoine faoi mhíchumas. Thacaigh sé seo le pleanáil páirtithe leasmhara le haghaidh ionaid do dhaoine fásta agus do leanaí faoi mhíchumas a rialáil. D'fhreastail 98% de na soláthróirí ar na seisiúin seo.

D'fhoilsíomar roinnt cáipéisí treoracha ar mhaite le soláthróirí seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas. D'fhoilsigh an tÚdarás treoirleabhar dar teideal *Maidir le Rialáil Seirbhísí Cónaithe do Leanaí agus do Dhaoine Fásta faoi Mhíchumas - Treoirleabhar 2013* ina dtugtar breac-chuntas ar an gcaoi a mbeidh an córas nua ina chúis le caighdeáin a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas a bhfuil cónaí orthu i seirbhísí cónaithe ar fud na hÉireann. Is í aidhm an treoirleabhair seo cabhrú le húsáideoirí seirbhísí tuiscint a fháil ar a bhfuil i gceist leis an rialachán.

Tá sé le fáil lena íoslódáil ag: www.hiqa.ie




Eisíodh Fógraí Rialála do sholáthróirí d'fhonn lámh chúnta a thabhairt dóibh tuiscint ní b'fhearr a fháil ar an reachtaíocht agus ar na rialúcháin. Bhain na fógraí seo leis na nithe seo a leanas:

- Áitribh.
- An sainmhíniú ar ionad ainmnithe.
- Seoladh tuairisceán bliantúil chuig 93 soláthróir seirbhíse do dhaoine faoi mhíchumas le fáil amach, chun críche na billeála, líon na soláthróirí a bhí ag feidhmiú amhail ar an dáta tosaithe.
- Eisíodh Foirmeacha Alt 69 ansin do na 88 soláthróir ar sainaithníodh iad le cabhrú leo ceanglais an Achta Sláinte, 2007 a chomhlíonadh.

Cuireadh comhairle ar sholáthróirí i dtaobh na n-ábhar seo a leanas chomh maith:

- Comhlánú dearbhuithe caighdeánacha i leith na sábháilteachta dóiteáin, chun tacú le hiarratais chun clárú nó athchlárú mar ionad ainmnithe.
- Comhlánú dearbhuithe caighdeánacha i leith chomhlíonadh na rialachán pleanála agus foirgníochta, chun tacú le hiarratais chun clárú nó athchlárú mar ionad ainmnithe

In 2013 chuireamar lenár dtiomantas do dheimhin a dhéanamh de go mbíonn próisis agus modhanna ar aon dul leis an dea-chleachtas ó thaobh an rialacháin agus an riaracháin de. Tá na forbairtí seo ar aon dul lenár dtiomantas do bhaint amach ár gcroí-threoirphrionsabal .i. tús áite do dhaoine, cothrom na féinne, fócas ar shármhaitheas agus ar nuáil, agus oscailteacht agus cuntasacht sa chleachtadh rialála. Dá bhrí sin, tá cur chuige nua, comhsheasmhach i leith an rialacháin forbartha agus seolta againn i ngach réimse freagrachta. Cur chuige is ea é seo, ar a dtugtar Cur Chuige Monatóireachta an Údaráis, faoina bhforbrófar agus faoina bhfoilseofar creataí measúnaithe agus breithiúnais d'fhonn comhsheasmhacht agus trédhearcacht níos fearr a bhaint amach sa chaoi a gcuirfimid i bhfeidhm caighdeáin agus rialacháin ar ár gcuid oibre.

D'fhorbraíomar réimse beartas agus nósanna imeachta i rith na bliana. Bhí siad seo ag dul leis na cuspóirí a leagtar amach inár *bPlean Gnó, 2013:*

- Beartas agus nós imeachta déanta gearán arna n-athbhreithniú.
- Beartas agus nós imeachta forfheidhmithe le haghaidh ionaid ainmnithe.
- Beartais agus nósanna imeachta a bhaineann le fhorbairt Chur Chuige Monatóireachta an Údaráis.
- Léiriúcháin/athbhreithniú inmheánach.
- Freagairt don neamhchomhlíonadh in ionaid ainmnithe.

# 4.2 An Stiúrthóireacht um Fheabhsú Sábháilteachta agus Cáilíochta

## 4.2.1 Cúlra

Chuir an Stiúrthóireacht nuabhunaithe um Fheabhsú Sábháilteachta agus Cáilíochta a céad bhliain iomlán oibre i gcrích in 2013. Rinneamar caighdeáin a fhorbairt ar son na cáilíochta agus sábháilteachta agus thacaíomar le cultúr feabhsaithe sábháilteachta agus cáilíochta d'othair ar fud an chórais cúram sláinte agus sóisialta.

Déanaimid caighdeáin agus treoir náisiúnta a fhorbairt i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus cuirimid ar fáil don fhoireann tosaigh clár tógála acmhainne i modheolaíochtaí agus in uirlisí feabhsaithe cáilíochta d'fhonn an cháilíocht agus an tsábháilteacht a chur chun cinn. Forbraímid agus tugaimid isteach tionscnaimh náisiúnta othar chomh maith. Cabhraíonn a leithéid de thionscnaimh leis an gcóras cultúr feabhsaithe leanúnaigh cáilíochta agus sábháilteacht othar a chothú

## 4.2.2 Achoimre ar ghníomhaíochtaí le linn 2013




- D'fhoilsíomar *na Caighdeáin Náisiúnta um Sheirbhísí Cónaithe do Leanaí agus do Dhaoine Fásta faoi Mhíchumas*
- Rinneamar athbhreithniú ar Chaighdeáin Náisiúnta a bhí ann cheana féin:
  1. Rinneadh athbhreithniú ar *na Caighdeáin Náisiúnta um Sheirbhísí le haghaidh Ghalar Siomptómach na Cíche* agus cuireadh an ghné mhonatóireachta leis *na Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte, Níos Fearr*
  2. Chuireamar tús le hathchóiriú *na gCaighdeán Náisiúnta um Shocruithe Cónaithe do Dhaoine Breacaosta*.
- D'fhorbraíomar *na Dréacht-Chaighdeáin Náisiúnta um Aonaid Sainchúraim do Leanaí*
- D'fhorbraíomar sé cháipéis threoracha spriocdhírithe d'ionaid ainmnithe – d'iarr soláthróirí seirbhíse agus grúpaí tathanta na cáipéisí treoracha seo chun cabhrú leo ullmhú i dtreo an chlárúcháin.
- Thacaíomar go gníomhach le cultúr feabhsaithe sábháilteachta agus cáilíochta d'othair, agus chuireamar an cultúr sin chun cinn, ar fud an chórais cúram sláinte agus sóisialta trí inniúlacht agus trí acmhainn a chothú sna daoine a sholáthraíonn seirbhísí.
- Rinneamar tionscnamh náisiúnta sábháilteacht othar sa tsábháilteacht cógas a fhorbairt – forbraíodh an dea-chleachtas sa réiteach cógas agus cuireadh tús le clár píolótach in 2013. Tá *an Dea-Chleachtas sa Réiteach Cógas* le foilsiú i Mí an Mhárta 2014.

- Ghlacamar páirt i Líonra an Aontais Eorpaigh um Shábháilteacht Othar agus Cháilíocht Cúraim.

- Thugamar freagraí ar na cáipéisí comhairliúcháin a fuair an tÚdarás ón Roinn Sláinte, ó FSS, ón Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, ó Chumann Cógaiseoirí na hÉireann agus ar *Straitéis Ríomh-Shláinte d'Éirinn*, ar cáipéisí iad a bhain le gníomhaíochtaí le feabhsuithe a chur chun cinn ar cháilíocht agus ar shábháilteacht na seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta.

### 4.2.3 Caighdeáin Náisiúnta: forbairt agus athbhreithniú

1. Foilsíodh *na Caighdeáin Náisiúnta um Sheirbhísí Cónaithe do Leanaí agus do Dhaoine Fásta faoi Mhíchumas* in 2013. Bhuaileamar le soláthróirí seirbhíse tar éis a bhfoilsithe d'fhonn tacú leo tuiscint a fáil ar na Caighdeáin.

2. Tugadh faoi athbhreithniú cuimsitheach, comhoibríoch ar *na Caighdeáin Náisiúnta um Sheirbhísí le haghaidh Ghalar Siomptómach* na Cíche i gcomhar leis an gClár Náisiúnta Rialaithe Ailse. Cuireadh na heochairtháscairí feidhmíochta bainteacha ó na Caighdeáin seo leis an bpróiseas féinmheasúnaithe a dhéanfaidh seirbhísí ailse cíche tráth a mbeidh siad ag cur *na gCaighdeán Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte, Níos Fearr* i ngníomh. Rinne an tÚdarás cinneadh go gcuirfear an ghné mhonatóireachta de na Caighdeáin leis na *na Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte, Níos Fearr* as seo amach.

3. Chuireamar tús le hathchóiriú *na gCaighdeán Náisiúnta um Shocruithe Cónaithe do Dhaoine Breacaosta* trí fhócasghrúpaí a reáchtáil in ocht socruithe cónaithe do dhaoine breacaosta in ionaid phríobháideacha, phoiblí agus dheonacha i ngach ceann de cheithre réigiún na tíre. Tugadh cuireadh do chónaitheoirí, do dhaoine muinteartha agus do bhaill foirne freastal ar na fócasghrúpaí chun aiseolas a fháil uathu, rud a úsáidfear le bonn eolais a chur faoi na caighdeáin nua.

4. D'fhorbraíomar na *Dréacht-Chaighdeáin Náisiúnta um Aonaid Sainchúraim do Leanaí* Foilseofar agus seolfar na caighdeáin seo in 2014.


### 4.2.4 Caighdeáin Náisiúnta: tuiscint a chothú

Thugamar cur i láthair maidir leis na Caighdeáin Náisiúnta uile ag comhdhálacha agus ag ceardlanna eagraíochtúla agus gairmiúla ar fud fad na tíre. Thug an teagmháil seo eolas do ghrúpaí agus d'earnálacha áirithe faoi cén chaoi na Caighdeáin a chur i bhfeidhm sna seirbhísí ar leith a sholáthraíonn siad. D'oibríomar le grúpaí ar leith chomh maith, dochtúirí ginearálta, tithe altranais agus seirbhísí míchumais ina measc, chun feasacht a fheabhsú ar na Caighdeáin agus ar an tacaíocht a chuirimid ar fáil do sholáthróirí seirbhíse.

### 4.2.5 Treoir le tacú le cur i ngníomh na gCaighdeán Náisiúnta

D'fhoilsigh an tÚdarás sé cháipéis threoracha spriocdhírithe do sheirbhísí ainmnithe in 2013. Tá sé mar aidhm againn comhthuiscint a chothú agus an friotal céanna a úsáid agus muid ag plé le gach úsáideoir seirbhíse, othar agus soláthróir seirbhíse faoin gcaoi a bhfuil feidhm ag na Caighdeáin Náisiúnta ar fad thar na seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta uile. Cabhróidh sé seo leis na soláthróirí seirbhísí tuiscint a fháil ar na Caighdeáin agus glacadh leo. Thionóil an tÚdarás grúpa de sholáthróirí seirbhísí míchumais le sainaithint a dhéanamh ar na hábhair a bhfuil treoir ag teastáil ina leith.

Is iad seo a leanas na sé ábhar a ndearnadh sainaithint orthu:




**Treoir d'Ionaid Ainmnithe**

1. An Cúram Pearsanta
2. An Bhainistíocht Riosca
3. An Ráiteas Cuspóra
4. Cúrsaí Airgeadais Cónaitheoirí
5. Nósanna Imeachta Sriantacha in Ionaid
6. Dlúthchaidrimh agus Caidrimh Ghnéis

Tugtar sa treoir samplaí ar ghníomhaíochtaí, ar shocruithe, ar struchtúir, ar phróisis agus ar thorthaí atá bainteach leis na Caighdeáin Náisiúnta. Tugtar inti chomh maith samplaí ar na bealaí éagsúla a d'fhéadfaí na Caighdeáin a chur i ngníomh ar bhonn praiticiúil sna hearnálacha nó sna socruithe éagsúla, amhail foireann chúraim phríomhúil, seirbhís otharchairr nó ospidéal. Ina theannta sin, cuimsíonn sí teimpléid le lámh chúnta a thabhairt do sholáthróirí le rudaí a chaithfidh siad a dhéanamh, ar nós ráiteas cuspóra a ullmhú. Cabhraíonn an treoir seo leo siúd a oibríonn sa tseirbhís tuiscint a fháil ar cén chaoi comhlíonadh na gCaighdeán a bhaint amach. In 2013 chuir an tÚdarás tús le próiseas leanúnach athbhreithnithe agus rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara i dtaobh an treoir seo a choinneáil cothrom le dáta agus sainaithint a dhéanamh ar réimsí eile a mbeidh gá le treoir níos sonraí ina leith.

### 4.2.6 Tacú le soláthróirí

Tacaímid le foirne tosaigh sa chúram sláinte agus sóisialta *na Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte, Níos Fearr* a chur i ngníomh. D'oibríomar chun na críche seo in 2013 ar chlár a raibh sé mar aidhm aige acmhainn a thógáil sna modheolaíochtaí feabhsaithe cáilíochta. D'oibríomar as láimh a chéile ar an gclár seo leis an Institiúid um Fheabhsú an Chúraim Sláinte (IHI) i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Is é an tÚdarás an mol le haghaidh na Scoile Oscailte Réigiúnaí de chuid IHI in Éirinn. Soláthraíonn an Scoil Oscailte seo cúrsaí ar líne san eolaíocht feabhsaithe cáilíochta, ar cheap baill d'fhoireann teagaisc IHI iad. Is tríd an Scoil Oscailte is féidir le gairmithe cúram sláinte sna disciplíní uile foghlaim faoin modheolaíocht feabhsaithe cáilíochta agus uirlisí praiticiúla a ghnóthú, a chuirfidh ar a gcumas feabhsuithe inbhuanaithe a dhéanamh ar na seirbhísí dá gcuid.

Cuireadh grúpa comhairleach ar bun le tacú le tabhairt isteach an chláir. Tá ar an ngrúpa ionadaithe d'úsáideoirí seirbhísí, do FSS agus do chomhlachtaí oiliúna. Roghnaíodh ceithre ospidéal géarmhíochaine agus sé ospidéal pobail/theach altranais lena gcur san áireamh sa chéid chéim den chlár i dtaobh acmhainn a thógáil sa mhodheolaíocht feabhsaithe cáilíochta. Chuir rogha idirdhisciplíneach de na baill foirne tosaigh i ngach ceann de na seirbhísí seo an clár i gcrích in 2013. Chuir 90 ball foirne seachtrach agus 10 ball foirne inmheánach clár IHI i gcrích ar an iomlán. Tá an clár seo le rolladh amach chuig na seirbhísí do leanaí agus do dhaoine faoi mhíchumas, chuig na seirbhísí otharchairr agus chuig grúpa curaidh othair in 2014.

### 4.2.7 An Réiteach Cógas

D'oibrigh an Stiúrthóireacht as láimh a chéile le grúpa comhairleach, ar a raibh saineolaithe sa tsábháilteacht cógas, chun tionscnamh náisiúnta sábháilteacht othar sa réiteach cógas a fhorbairt. Seoladh an tionscnamh seo mar chlár píolótach sna ceithre ospidéal géarmhíochaine agus sna sé ospidéal pobail/ theach altranais a cuireadh san áireamh i gclár IHI mar ghné foghlama gníomhaí den chlár sa mhodheolaíocht feabhsaithe cáilíochta. Chun tacaíocht a thabhairt do na seirbhísí seo fad is a bhí an clár seo ar bun, thug an Stiúrthóireacht cuairt orthu go míosúil agus eagraíodh teileachomhdhálacha idir na foirne. Tá *an Dea-Chleachtas sa Réiteach Cógas* le foilsiú i Mí an Mhárta 2014, bunaithe ar an méid a foghlaimíodh de dhroim an chláir phíolótaigh seo.

### 4.2.8 Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

The Authority is the national contact point for Ireland in the Joint Action – European Union Network on Patient Safety and Quality of Care (PaSQ). PaSQ commenced on 1 April 2012 and is a three-year project.

The Authority facilitated a number of national multi-stakeholder information meetings regarding PaSQ to explore how these stakeholders and the Authority can work together and contribute to the joint action. In 2013 the Authority developed an agenda for an exchange mechanism (conference) to be held in 2014 that will share the good practices in quality improvement and safety from Europe with Irish service providers.

PaSQ is made up of seven work packages and Ireland is involved in Work Package 6: Quality healthcare systems collaboration in the EU. This work package will map and describe the quality management systems in place in EU member states and will identify good organisational practices to improve patient safety and quality of care in such systems across Europe. This will allow member states to learn about the approaches that each take to improve patient safety and quality of care and to understand how specific good practices are successfully implemented.

As national contact point, we coordinate all activities relating to this work package in Ireland and we liaise and work with all relevant national stakeholders in this regard. In 2013 we gathered information on good organisational practices in quality management systems in Ireland.

### 4.2.9 Comhairliúcháin

Mholamar bealaí chun cáipéisí beartas agus treoirlínte a chur ar aon dul leis *na Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte, Níos Fearr* agus chun an cháilíocht agus an tsábháilteacht a chur chun cinn sna réimsí áirithe seo. Ina measc siúd bhí:

**Comhairliúcháin le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte:**

- Comhairliúchán ar an *Dréacht-Shamhail Chúraim le haghaidh na Géarmháinliachta*
- Comhairliúchán ar *an Dréacht-Uirlis Cáilíochta agus Feidhmíochta*
- Comhairliúchán ar *an Dréacht-Bheartas Náisiúnta um an Nochtadh Oscailte agus ar an Dréacht-Threoirlíne Náisiúnta um an Nochtadh Oscailte*
- Comhairliúchán ar *an Dréacht-Threoirlínte um Bhainistiú Phian na hAilse*

**Comhairliúcháin leis an Roinn Sláinte:**

- Comhairliúchán poiblí ar an reachtaíocht nua atá le teacht in ionad *Acht na bhFiaclóirí 1985*
- Comhairliúchán poiblí ar thabhairt isteach *an Chórais Diúltaithe don Deonú Orgán*

**An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann**

- Aighneacht ar an Dréacht athbhreithnithe / Struchtúr feabhsaithe i ndáil le prEN 16375, a cuireadh faoi bhráid CCMC i gcomhair an dara fiosrúchán CEN – Seirbhísí Máinliachta Aeistéitiúla

**Cumann Cógaiseoirí na hÉireann**

- Comhairliúchán ar an *Dréacht-Treoir um Sholáthar Seirbhísí Tástála ag Cógaiseoirí*

Chuir an tÚdarás aighneacht isteach i ndáil leis *an Straitéis Ríomh-Shláinte d'Éirinn freisin.*

### 4.2.10 Rannpháirtíocht úsáideoirí seirbhísí

Bhuail Painéal Náisiúnta na nDaoine Muinteartha, ar an bhfuil cairde agus daoine muinteartha leis na daoine a bhfuil cónaí orthu in ionaid ainmnithe, leis an Údarás. Oibríonn an painéal seo as láimh a chéile linn le haiseolas a thabhairt ar chaighdeáin agus ar threoir. Feidhmíonn na baill mar thacadóirí thar ceann na ndaoine a bhfuil gaol acu leo atá ina gcónaí i saoráidí cúraim chónaithe. D'eascair an nuachtlitir REACH as an bpróiseas seo, rud atá ceaptha le daoine muinteartha agus cairde leo siúd atá ina gcónaí in ionaid chúraim chónaithe a chur ar an eolas faoin dea-chleachtas sa chúram cónaithe agus cumhacht a thabhairt dóibh chomh maith. Tá an nuachtlitir REACH le foilsiú go luath in 2014.

# 4.3 An Stiúrthóireacht um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte

## 4.3.1 Cúlra

Tá réimse leathan measúnachtaí déanta againn, ar measúnachtaí iad a chuir bonn eolais faoi na beartais náisiúnta agus faoi chinntí seirbhíse. Táimid tar éis treoirlínte a fhorbairt maidir le Measúnachtaí ar Theicneolaíocht na Sláinte, a bhfuil sé mar aidhm acu ullmhú measúnachtaí a chur chun cinn atá tráthúil, iontaofa, comhsheasmhach agus bainteach le riachtanais cinnteoirí agus páirtithe leasmhara, agus a thacaíonn le forbairt acmhainne i dtaobh measúnachtaí dá leithéid. Tá páirt glactha againn i réimse tionscnamh, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, a raibh mar aidhm acu cúram sláinte slán sábháilte, éifeachtach agus éifeachtúil a chumasú. Glactar leis go bhfuil tábhacht nach beag ag baint leis an obair seo ó thaobh bonn eolais a chur faoin mbeartas sláinte náisiúnta.

## 4.3.2 Measúnachtaí Teicneolaíocht Sláinte (MTS) a rinneadh in 2013

***An Mheasúnacht Teicneolaíocht Sláinte ar Chlár Faireachais le haghaidh Ban faoi bhun 50 Bliain d'aois atá i mBaol Ardaithe na hAilse Cíche***

I Mí Aibreáin 2013 d'fhoilsigh an tÚdarás MTS ar roghanna faireachais le haghaidh ban faoi bhun 50 bliain d'aois atá i mbaol ardaithe na hailse cíche de dheasca riosca géiniteach nó dúchais, agus ar cé chomh éifeachtach is atá na roghanna sin ó thaobh costais de. Tugadh faoin MTS seo tar éis dúinn iarratas a fháil ón gClár Náisiúnta Rialaithe Ailse. Cuireadh an tuarascáil dheireanach faoi bhráid an Chláir Náisiúnta Rialaithe Ailse agus an Aire Sláinte lena breathnú.




Ba í aidhm an MTS seo breathnú ar éifeachtúlacht, ar chost-éifeachtúlacht, ar thionchar buiséid agus ar impleachtaí acmhainne na roghanna faireachais éagsúla (an t-íomháú athshondais mhaighnéadaigh nó an mhamagrafaíocht dhigiteach, nó an dá cheann acu le chéile, go háirithe) chomh maith le breathnú ar aon riosca breise a bhféadfadh clár faireachais bheith ina chúis leis (lena n-áirítear impleachtaí eiticiúla nó sochaíocha don chóras sláinte nó do theaghlaigh atá buailte leis an ngalar). Tugadh sa MTS comhairle faoin straitéis faireachais bharrmhaith, chomh maith leis an aois ba chóir tús a chur leis an bhfaireachas agus cé chomh minic ba chóir an faireachas seo a dhéanamh.

Baineadh de thátal as an tuarascáil go mbeadh clár faireachais le haghaidh ban faoi bhun 50 bliain d'aois atá sainaitheanta atá i mbaol ardaithe an tsócháin ghéinitigh ní b'éifeachtaí ó thaobh costais de ná gan clár faireachais a rith. I gcás ban atá faoi bhun 50 bliain d'aois atá sainaitheanta a bhfuil ardriosca dúchais acu ach nach bhfuil i mbaol an tsócháin ghéinitigh, nó nach bhfuil ach i mbaol measartha, tugadh faoi deara nach mbeadh clár faireachais éifeachtach ó thaobh costais de de réir na gcaighdeán traidisiúnta nuair a chuirtear i gcomparáid le gan clár faireachais a rith é.

Moladh go ndéanfaí íomháú athshondais mhaighnéadaigh bliantúil ar mhná idir 30 agus 49 bliain d'aois atá sainaitheanta atá i mbaol ardaithe an tsócháin ghéinitigh, seachas TP53, ar choinníoll go ndéanfaí machnamh ar mhamagrafaíocht dhigiteach bhliantúil a chur leis an gclár do mhná a bhfuil 40 bliain d'aois slánaithe acu chun cloí leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta a bhfuil glacadh leis faoi láthair. Moladh go

ndéanfaí íomháú athshondais mhaighnéadaigh ar an bhfoghrúpa a bhfuil sóchán TP53 orthu idir 20 agus 49 bliain d'aois.

Do mhná atá in ardbhaol dúchais ach nach bhfuil aon sóchán géiniteach sainaitheanta acu, agus do mhná atá i mbaol measartha, tugadh faoi deara go mbeadh mamagrafaíocht dhigiteach bhliantúil ó 40 go 49 bliain d'aois ní b'fhearr ná an faireachas ad hoc a dhéantar anois.


Aibhsíodh sa tuarascáil go mbeadh clár faireachais eagraithe ina chúis leis an gcomhionannas rochtana a fheabhsú agus gur cóir eochairtháscairí feidhmíochta a leagan síos chun an fheidhmíocht a thomhas trí thagairt do spriocanna nó d'ionchais. Baineadh úsáid as an measúnacht tráth ar chinn an tSeirbhís Náisiúnta Scagtha Ailse clár faireachais náisiúnta a thabhairt isteach. Tá grúpa á chur ar bun le maoirseacht a dhéanamh ar chur i ngníomh an chláir sin.

***An Mheasúnacht Teicneolaíocht Sláinte ar Thairseacha Atreoraithe/Cóireála Cliniciúla i ndáil le Gnáthaimh Sceidealaithe Roghnaithe***

Tar éis iarratas a fháil ó Ard-Stiúrthóir Ainmnithe FSS, chomhaontaigh an tÚdarás in 2013 tabhairt faoi shraith measúnachtaí teicneolaíocht sláinte gasta ar cibé acu a bheadh nó nach mbeach sé oiriúnach tairseacha atreoraithe chliniciúil nó tairseacha cóireála cliniciúla a thabhairt isteach i gcomhair gnáthaimh sceidealaithe, agus ar thionchar féideartha a dtabhartha isteach. Bhí sé mar aidhm ag na measúnachtaí seo comhairle a chur ar fáil faoi na tairseacha atreoraithe chliniciúil nó cóireála cliniciúla a d'fhéadfaí a thabhairt isteach i gcomhair gnáthamh i gcásanna ina bhféadfadh cur isteach ar a n-éifeachtacht mura ndéanfaí de réir critéir chliniciúla shonraithe iad. Comhionannas agus trédhearcacht níos fearr sa chóras cúram sláinte a bheidh mar thoradh ar shoiléire agus ar thrédhearcacht méadaithe i dtaobh tairseacha atreoraithe agus cóireála, chomh maith le caoi sheolta éifeachtach a chur ar atreoruithe chuig othair sheachtracha mháinliachta, rud a fheabhsóidh éifeachtúlacht an phróisis agus a ghiorróidh an fad ama a chaitheann othar ag fáil obráidí roghnacha.


Ba chóir go gcabhródh cuíchóiriú an phróisis atreoraithe chun máinlianna le deimhin a dhéanamh de go n-atreorófar na hothair chearta lena gcóireáil ag an am ceart gan an dochar do dhaoine a mhéadú ná an buntáiste do dhaoine a laghdú.

Foilsíodh i Mí Aibreáin 2013 Céim 1, rud a bhain le tairseacha atreoraithe nó cóireála do cheithre ghnáthamh máinliachta. I measc na ngnáthamh sin bhí: obráid féitheacha borrtha; céislíneachtóime; cur isteach osclán silte agusadanóideachtóime; agus obráid cataracha. Foilsíodh Céim 2 den MTS seo ar an 2 Nollaig. Bhí i gceist leis an gceim seo 11 ghnáthamh / idirghabháil (naoi dtuarascáil MTA) i ndáil le paiteolaíochtaí láimhe, agus le paiteolaíochtaí matánchnámharlaigh, a chuireann le pian ainsealach / pian ainsealach dromlaigh.




Léiriúchán grafach ar na cosáin atreoraithe, cóireála agus athleanúna i gcás othair phoiblí a ndéantar obráidí cataracha orthu.

**Figure 1.2 Age profile of trigger finger patients (2011)**




*HIPE: Hospital In-Patient Inquiry (HIPE) Scheme;*
*Source: HIPE data accessed via ESRI HIPE Online Portal 28 January 2013, NTPF activity data.*

I measc na n-obráidí seo bhí: fuascailt na conaire carpasaí; obráid le haghaidh chrapadh Dupuytren; obráid le haghaidh cist gainglín; obráid le haghaidh méar/ordóg truicearaithe; instealltaí dromlaigh le haghaidh na péine ar cúis galar an dromlaigh lumbaigh léi; veirteabraplaiste agus dronnaplaiste le haghaidh bristeacha comhbhrúite oistéapóróise veirteabracha; gearradh radaimhinicíochta le haghaidh na péine ainsealaí dromlaigh; obráidí le haghaidh ghalar meathlúcháin an dromlaigh lumbaigh i measc daoine fásta; agus spreagadh chorda an dromlaigh le haghaidh pian ainsealach. D'fhoilsíomar caibidil chun dáta maidir le cúlra agus le modhanna, mar aon le tuarascáil ar na saincheisteanna eiticiúla a bhaineann le tairseacha.

Cuireadh na tuarascálacha deireanacha faoi bhráid FSS agus an Aire Sláinte lena mbreathnú.

***An Mheasúnacht Teicneolaíocht Sláinte ar an gComhbhrú Neomatach Eatramhach i gCásanna Tromchúiseacha den Ghalar Artaireach Forimeallach***

Tar éis iarratas a fháil ó FSS, thug an tÚdarás faoi MTS gasta ar an gcomhbhrú neomatach eatramhach (CNE) do dhaoine a bhfuil cásanna tromchúiseacha den ghalar artaireach forimeallach orthu agus nach bhféadfaí an t-athshoithíochú a dhéanamh orthu trí angaplaiste ná trí idirghabháil mháinliachta. Foilsíodh an tuarascáil, a chuimsíonn athbhreithniú córasach agus measúnú criticiúil ar an bhfianaise ar chóireáil CNE sa tír seo, i Mí an Mheithimh 2013 agus cuireadh faoi bhráid FSS dá éis sin lena breathnú.

Tá CNE molta mar chóireáil a d'fhéadfaí a úsáid de bhreis ar an mbainistíocht mhíochaine is fearr agus tá sé ceaptha chun imshruthú na fola a mhéadú sna géaga íochtaracha d'fhonn faoiseamh a thabhairt ó phian, tacú le cneasú créachta agus an baol a mbeidh gá le géag a bhaint a laghdú. Tá i gceist le gléasanna CNE cufa inséidte, nó sraith cufaí, a chuirtear timpeall na coise gortaithe agus a úsáidtear chun comhbhrú timthriallach faoi rialú a chur ar an gcos ar feadh tréimhse shocraithe. Baineadh de thátal as an MTS, cé gur léir go raibh tionchar dearfach ag CNE ar dhaoine a raibh cásanna tromchúiseacha den ghalar artaireach forimeallach orthu agus nach raibh an t-athshoithíochú oiriúnach dóibh, go raibh gá le tuilleadh staidéar ar ardchaighdeán a dhéanamh chun a éifeachtacht a léiriú go hiontaofa. Go dtí go mbeidh fáil ar a leithéid d'fhianaise i gcomhthéacs staidéir taighde dea-cheaptha, baintear de thátal as an MTS go bhfuil an cineál cóireála seo fós le cruthú.

**An Mheasúnacht Teicneolaíocht Sláinte ar Chlár Soláthair Dífhibrileoirí Poiblí**

Thoiligh an tÚdarás MTS a dhéanamh ar cheist an tsoláthair dífhibrileoirí poiblí in Éirinn, lena n-úsáid i gcás stad cairdiach lasmuigh d'ospidéal. Tugadh faoin MTS seo i ndiaidh don Údarás iarratas a fháil ón Aire Sláinte agus cuirfear faoi chaibidil mar chuid den mheasúnacht éifeachtúlacht chliniciúil agus cost-éifeachtúlacht

na straitéisí éagsúla atá ann le tuilleadh uath-dhífhibrileoirí seachtracha (AED) a chur ar fáil ar fud na tíre. Cuirfear torthaí na measúnachta seo bonn eolais faoin bpróiseas déanta cinntí ar cheisteanna a bhaineann leis *an mBille Sláinte Poiblí (Infhaighteacht Dífhibrileoirí), 2013*, a cuireadh ar aghaidh chuig Seanad Éireann in 2013.

Tá na téarmaí tagartha le haghaidh na tuarascála tugtha chun críche leis an Roinn Sláinte anois agus tá sainghrúpa comhairleach, ar a bhfuil ionadaithe do ghrúpaí leasmhara, curtha ar bun. Táthar ag súil go gcuirfear an obair ar an MTS i gcrích i Mí Mheán Fómhair 2014, tráth a gcuirfear an tuarascáil dheireanach faoi bhráid an Aire Sláinte lena breathnú.

## 4.3.3 Achoimre ar ghníomhaíochtaí eile le linn 2013

### An Coiste Náisiúnta um Éifeachtacht Chliniciúil

Chuir an tAire Sláinte an Coiste Náisiúnta um Éifeachtacht Chliniciúil ar bun chun creat a chur ar fáil d'fhormhuiniú náisiúnta treoirlínte cliniciúla agus iniúchta chliniciúil d'fhonn an cúram d'othair a bharrfheabhsú laistigh de chóras sláinte na hÉireann, idir phoiblí agus phríobháideach. Trína bhallraíocht sa Choiste agus i ngrúpa oibre an Choiste, thug an tÚdarás tacaíocht don Choiste agus d'fhorbróirí treoirlínte cliniciúla ar mian leo go ndéanfaí a dtreoirlínte a fhormhuiniú ar bhonn náisiúnta.

D'fhorbraíomar critéir measta eacnamaíoch le cur ar chumas an Choiste plé a dhéanamh le treoirlínte féideartha in ord tosaíochta. Chuireamar cúrsaí oiliúna ar fáil do bhaill an Choiste agus ghlacamar páirt sa chéad Siompóisiam Náisiúnta de chuid an Choiste i Mí Mheán Fómhair 2013 trí cheardlann struchtúrtha a óstáil a bhí dírithe ar an gcaoi ar cóir an chost-éifeachtúlacht agus an tionchar buiséid a mheas sa phróiseas forbartha treoirlínte. Cuireadh tacaíocht eacnamaíoch sláinte ar fáil d'fhorbróirí na treoirlíne náisiúnta um an gCóras Réamhrabhaidh agus na treoirlíne náisiúnta um rialú MRSA, ar treoirlínte iad ar tugadh údarás ina leith i Mí Feabhra agus i Mí na Nollag 2013, faoi seach.

### Na Treoirlínte Náisiúnta um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte

D'fhorbair an tÚdarás na Treoirlínte Náisiúnta um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte chun ullmhú measúnachtaí atá tráthúil, iontaofa, comhsheasmhach agus bainteach le riachtanais cinnteoirí agus páirtithe leasmhara a chur chun cinn, agus chun tacú le forbairt acmhainne i dtaobh measúnachtaí teicneolaíocht sláinte laistigh den chóras cúram sláinte. Rinneadh nuashonrú ar na treoirlínte measta eacnamaíoch i ndáil le measúnachtaí teicneolaíocht sláinte agus ar na treoirlínte i ndáil le measúnachtaí tionchair buiséid tar éis tréimhse comhairliúcháin phoiblí a chur i gcrích.

Cuirfear na treoirlínte nuashonraithe seo faoi bhráid Bhord an Údaráis i Mí Eanáir 2014, agus táthar ag súil go bhfoilseofar go gairid ina dhiaidh sin iad. Ullmhaíodh dréacht-treoirlínte nua um an rannpháirteachas le páirtithe leasmhara i leith measúnachtaí teicneolaíocht sláinte freisin. Ghlac an Grúpa Comhairleach Eolaíochta um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte leo seo agus tá tréimhse comhairliúcháin phoiblí ar bun anois ina leith. Táthar ag súil go gcuirfear na dréacht-treoirlínte seo faoi bhráid Bhord an Údaráis i Mí an Mhárta 2014 agus go bhfoilseofar ar shuíomh Idirlín an Údaráis iad go gairid ina dhiaidh sin.

## Acmhainn agus inniúlacht a fhorbairt sa mheasúnú ar theicneolaíocht na sláinte

Leanann an tÚdarás de choinneáil i dteagmháil le páirtithe leasmhara seachtracha le deiseanna oiliúna agus oideachais a phleanáil sa mheasúnú ar theicneolaíocht na sláinte d'fhonn tacú le forbairt an tsaineolais náisiúnta i seoladh agus i léirmhíniú measúnachtaí teicneolaíocht sláinte. I measc na ndeiseanna oiliúna a cuireadh ar fáil bhí: meantóireacht a dhéanamh ar mhac léinn sa chlár comhaltachtaí PhD san eacnamaíocht sláinte (arna chomhmhaoiniú ag an mBord Taighde Sláinte agus ag Institiúid Náisiúnta na hAilse i Stáit Aontaithe Mheiriceá); deiseanna intéirneachta a chur ar fáil do mhic léinn iarchéime i réimsí bainteacha; páirt a ghlacadh in oiliúint sheachtrach (oiliúint fochéime, iarchéime, agus eile); comhoibriú ar thionscadail le comhghleacaithe acadúla, Lárionad Náisiúnta na Cógaseacnamaíochta agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh san áireamh; agus tacaíocht oiliúna agus oideachais a chur ar fáil d'fhoireann na Stiúrthóireachta um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte le cabhrú leo cur lena gcuid taithí.

## Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara

Bhíomar i dteagmháil le roinnt mhaith páirtithe leasmhara le linn 2013 le tionscadail a bhí ar siúl cheana a éascú agus bonn eolais a chur fúthu, agus chun bonn eolais a chur faoi thosaíochtaí do chlár oibre leanúnaí na Stiúrthóireachta. Tionóltar sainghrúpa comhairleach i ndáil le gach uile thionscadal, ar a mbíonn ionadaithe do pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear an lucht déanta beartas, soláthróirí seirbhísí, cliniceoirí, grúpaí othar agus saineolaithe, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, sa mheasúnú ar theicneolaíocht na sláinte. Chuir an Grúpa Comhairleach Eolaíochta bonn eolais faoinár saothar chomh maith, ar grúpa é ar a ndéantar ionadaíocht do pháirtithe leasmhara san earnáil cúram sláinte in Éirinn agus do shaineolaithe modheolaíocha sa mheasúnú ar theicneolaíocht na sláinte. Ghlacamar páirt i roinnt grúpaí comhairleacha arna dtionól ag páirtithe leasmhara seachtracha, an Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse agus Bord Leigheasra na hÉireann ina measc.

## Scanadh léaslíne d'fhonn bonn eolais a chur faoi atreorú agus faoi roghnú ábhar le haghaidh MTS

Gníomhaíocht bhunriachtanach is ea sainaithint a dhéanamh ar ábhair mheasúnaithe fhéideartha agus iad a chur in ord tosaíochta. Is iad an drochchinnteoireacht, sochair laghdaithe d'othair agus úsáid níos lú éifeachtúlachta a bhaint as acmhainní infhaighte na deischostais a d'fhéadfadh a eascairt as loiceadh na teicneolaíochtaí a roghnú agus a mheasúnú is dealraitheach a d'imreodh an tionchar ba mhó ar an gcóras cúram sláinte amach anseo.




An Dr. Máirín Ryan, Stiúrthóir na Stiúrthóireachta um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte, a thug cur i láthair ag siompóisiam a d'óstáil Institiúid Bainisteoirí Cógaisíochta na hÉireann i Mí Mheán Fómhair 2013. Clé go deas: Ingrid Lyons, Irish Medical News; Danielle Barron, Irish Medical News; Ciarán McGreal, Uachtarán Institiúid Bainisteoirí Cógaisíochta na hÉireann; agus an Dr. Máirín Ryan, Stiúrthóir na Stiúrthóireachta um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte (an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte).

D’imreodh sé tionchar chomh maith ar chumas an Údaráis chun a chuspóir straitéiseach a chomhlíonadh .i. measúnachtaí teicneolaíocht sláinte bainteacha a dhéanamh agus úsáid a leithéid de mheasúnachtaí a threisiú d’fhonn bonn eolais a chur faoi phróisis déanta cinntí ar fud an chórais chúram sláinte.

Is iad na hiarmhairtí féideartha cliniciúla agus na hiarmhairtí féideartha ar othair agus ar an gcóras sláinte poiblí an dá rud is tábhachtaí le cur san áireamh agus teicneolaíochtaí á gcur in ord tosaíochta chun a measúnaithe. Ina theannta sin, is cóir do gach measúnacht bheith nasctha le cinneadh atá ar na bacáin. Déantar machnamh ar ghnéithe eile a bhaineann leis an idirghabháil nó leis an socrú ar leith ar bhonn cás ar chás. I measc na ngnéithe seo bíonn an t-amchlár feidhmithe, roghanna malartacha agus aon tionchar níos ginearálta a d’fhéadfadh a bheith ag na teicneolaíochtaí ar sholáthar seirbhísí, chomh maith leis na hacmhainní a bheidh ag teastáil ina leith agus an costas a bheidh ar an measúnacht féin. Tá próiseas i ndáil le hábhair a roghnú agus a chur in ord tosaíochta chun a measúnaithe d’fhonn bonn eolais a chur faoi chlár oibre 2014 curtha i gcrích agus réidh lena úsáid.

### 4.3.4 Líonraí idirnáisiúnta

**An Líonra Eorpach um an Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte (EUnetHTA)**

Is é an tÚdarás an comhlacht náisiúnta ainmnithe do na Comhthionscadail Ghníomhaíochta um an Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte (EUnetHTA), arna maoiniú ag an Aontas Eorpach. Tá sé mar aidhm ag na Comhthionscadail comhoibriú éifeachtach, inbhuanaithe a bhaint amach sa mheasúnú ar theicneolaíocht na sláinte, rud a chuirfidh le fiúntas an tsaothair ar na leibhéil Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha. Tionscadal 3 bliana is ea Comhthionscadal 2, ar cuireadh tús leis i Mí Mheán Fómhair 2012 agus a bhfuil 33 gníomhaireacht agus táirgeoir MTS páirteach ann. Tá an tÚdarás ag glacadh páirt ghníomhach i dtrí cinn de na hocht bpacáiste oibre mar chomhpháirtí. D'óstálamar cruinniú de Choiste Feidhmiúcháin EUnetHTA i Mí Mheán Fómhair 2013. Cothaíonn saothar na gComhthionscadal comhoibriú idirghníomhaireachta le haschur MTS a fheabhsú agus d’fhonn an dúbailt iarrachta a sheachaint. Tá an saothar seo tar éis bonn eolais a chur faoi bhunú buanlíonra gníomhaireachtaí MTS ar fud na hEorpa.

**An Líonra um an Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte**

Chuir DG Sanco an Líonra um an Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte ar bun in 2013 de bhun Threoir 2011/24/AE, a bhaineann le feidhmiú chearta an thuismitheora sa chúram sláinte trasteorann. Is buanlíonra é de ghníomhaireachtaí MTS arna n-ainmniú ag na baillstáit d’fhonn comhoibriú marthanach, straitéiseach agus eolaíochta a chothú sa mheasúnú ar theicneolaíocht na sláinte ar fud an Aontais Eorpaigh. Éascófar an comhoibriú eolaíochta trí Chomhthionscadal 2 de chuid EUnetHTA go dtí Mí Mheán Fómhair 2015. Déanann an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte ionadaíocht d’Éirinn ar an Líonra mar chomhpháirtí in EUnetHTA.

**Comhoibriú idirnáisiúnta eile**

Tá an tÚdarás ina bhall de Health Technology Assessment international (HTAi), ar eagraíocht ghairmiúil idirnáisiúnta é atá dírithe ar an measúnú ar theicneolaíocht na sláinte. I measc bhaill an ghrúpa seo tá institiúidí acadúla agus saoráidí cúram sláinte, mar aon le heagraíochtaí sna hearnálacha tionsclaíochta, gnó, deonacha agus rialtais. D'fhóin Stiúrthóir na Stiúrthóireachta um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte ar an gCoiste Cruinnithe Bhliantúil, a chuireann comhairle ar Bhord HTAi faoina chomhdháil idirnáisiúnta bhliantúil.

Tá an tÚdarás ina bhall de Líonra Idirnáisiúnta na nGníomhaireachtaí um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte (INAHTA) agus glacann sé páirt i gcomhroinnt idirnáisiúnta faisnéise le measúnú éifeachtúil ar theicneolaíocht na sláinte a chumasú trí mheasúnachtaí a chur in oiriúint do gach áit ar leith. Leanann an tÚdarás d'fhorbairt a dhéanamh ar na caidrimh atá aige le gníomhaireachtaí MTS eile, agus de leas a bhaint as na caidrimh sin, d'fhonn a chuid éifeachtúlachta a mhéadú i dtaobh measúnachtaí ar ardchaighdeán a tháirgeadh. Ba léir an tábhacht a bhaineann lena leithéid de líonrú i gcás na measúnachta teicneolaíocht sláinte um fhaireachas ar an ailse chíche, tráth ar chuir gníomhaireacht MTS eile samhail eacnamaíoch ar fáil d'fhoireann na Stiúrthóireachta lena cur in oiriúint do chás na hÉireann. Tá gníomhaireacht MTS eile tar éis an tsamhail seo arna cur in oiriúint a lorg ó shin le bonn eolais a chur faoina cuid oibre.

I Mí Iúil 2013, d'fhoilsigh AGENAS (an Iodáil) leagan oiriúnaithe den mheasúnacht teicneolaíocht sláinte ar an scagachán prión (An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, 2011). Ghlac an tÚdarás páirt i saothar The Cochrane Collaboration nuair a foilsíodh athbhreithniú Cochrane ar an scagthástáil le haghaidh an fhibrilithe aitriamaigh i Mí Aibreáin 2013. Foilsíodh dhá pháipéar ar obráidí róbatchuidithe a d'eascair as an MTS in irisleabhair phiarmheasúnaithe idirnáisiúnta.

# 4.4 An Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Sláinte

## 4.4.1 Cúlra

Is ríthábhachtach leis na heagraíochtaí agus leis na gairmithe uile atá páirteach i gcúram othar, sláinte agus sóisialta a chur ar fáil rochtain a bheith acu ar fhaisnéis thráthúil, chruinn, iomlán, inléite, ábhartha. Déanaimid caighdeáin a fhorbairt le haghaidh na faisnéise sláinte d'fhonn an tsábháilteacht othar agus an cháilíocht cúraim a fheabhsú. I measc na gcaighdeán seo tá caighdeáin i dtaca le sainmhínithe, caighdeáin i dtaca leis an gcomhroinnt faisnéise, caighdeáin i dtaca le rialachas agus le príobháideacht na faisnéise a áirithiú agus caighdeáin i dtaca le húsáid, le clúdach agus le cáilíocht na faisnéise a bharrfheabhsú.


Tá rochtain ar fhaisnéis faoi infhaighteacht, faoi inrochtaineacht, faoi éifeachtacht agus faoi éifeachtúlacht ár seirbhísí sláinte ríthábhachtach le córas cúram sláinte atá iontaofa, slán agus sábháilte a chur ar fáil. Braitheann an dea-chinnteoireacht ar rochtain ar fhaisnéis mhaith, agus ar úsáid mhaith a bhaint as an bhfaisnéis sin, rudaí a bheidh ina chúis le seirbhísí feabhsaithe a sheachadadh i ndeireadh na dála. Cé gur iomaí aonad agus grúpa barrmhaith atá ann sa chóras, tá an córas ar an iomlán ilroinnte de dheasca easpa caighdeán agus bearnaí tromchúiseacha. Is é an tÚdarás atá freagrach as anailís a dhéanamh ar cháilíocht agus ar chlúdach reatha na faisnéise sláinte d'fhonn sainaithint a dhéanamh ar bhearaí san fhaisnéis sin agus moltaí a dhéanamh chun na bearaí sin a líonadh.

Leagamar síos sainmhínithe caighdeánacha i dtaca leis an bhfaisnéis lena chinntiú go bhféadfar na píosaí faisnéise éagsúla a chur i gcomparáid lena chéile ar bhealach bríoch agus go seachnófar an dúbailt iarrachta. Tá an tábhacht chéanna ag baint leis na caighdeáin a thacaíonn le comh-inoibritheacht na gcóras faisnéis sláinte chun comhroinnt na faisnéise sláinte a éascú.

Ní féidir córas láidir faisnéis sláinte a bhaint amach gan creat rialaithe faisnéise a leagann síos na bealaí éagsúla is ceadmhach an fhaisnéis a chomhroinnt go slán agus a chosnaíonn rúndacht na faisnéise.

Tá géarghá le haitheantóir uathúil othair ar mhaithe leis an tsábháilteacht othar agus tá sé ina ghné thábhachtach den chreat seo. Beidh impleachtaí aige ar cé chomh héasca is a bheidh sé faisnéis a chomhroinnt idir soláthróirí cúram sláinte. Beidh an tábhacht chéanna ag baint le haitheantóirí uathúla do ghairmithe agus d'eagraíochtaí cúram sláinte de bharr go dtuigtear go mbeidh forbairt ríomhthaifead sláinte spleách ar a leithéid d'aitheantóirí.

Tugaimid tacaíocht don eagraíocht inmheánach le réimsí amhail an éirim ghnó agus an rialachas faisnéise.




## 4.4.2 Tosaíochtaí

Leanamar de chlár suntasach oibre a chur i ngníomh i ndáil leis an bhfaisnéis sláinte agus d'fhoilsíomar roinnt tuarascálacha ar ghnéithe éagsúla den obair sin. Ina measc siúd, bhí:

- *An Dréacht-Tacar Náisiúnta Sonraí Déimeagrafacha agus an Dréacht-Treoir a ghabhann leis le húsáid i socruithe cúram sláinte agus sóisialta in Éirinn* (an 18 Feabhra 2013)

- *Na Prionsabail Threoracha maidir le Bailiúcháin Náisiúnta Sonraí Cúram Sláinte agus Sóisialta* (an 14 Bealtaine 2013)
- *An Forbhreathnú ar Chaighdeáin Idir-inoibritheachta sa Chúram Sláinte* (an 11 Iúil 2013)
- *An Caighdeán Náisiúnta um Fhaisnéis Achoimre ar Scaoileadh an Othair* (an 1 Lúnasa 2013)
- *An Tacar Náisiúnta Sonraí Déimeagrafacha agus an Treoir a ghabhann leis le húsáid i socruithe cúram sláinte agus sóisialta in Éirinn* (an 25 DFómh 2013)
- *An Treoir ar Chaighdeáin Aicmithe agus Téarmaíochta in Éirinn* (an 18 Nollaig 2013)
- *An Tacar Náisiúnta Sonraí Déimeagrafacha agus an Treoir a ghabhann leis le húsáid i socruithe cúram sláinte agus sóisialta in Éirinn, Leagan 1.1* (an 20 Noll 2013)
- *An Tuarascáil ar an gComhairliúchán Poiblí i leith an Dréacht-Tacair Náisiúnta Sonraí Déimeagrafacha agus na Dréacht-Treorach a ghabhann leis le húsáid i socruithe cúram sláinte agus sóisialta in Éirinn* (Mí na Nollag 2013)
- Forbairt *Chatalóg na mBailiúchán Náisiúnta Sonraí Cúram Sláinte agus Sóisialta* (atá le foilsiú i Mí Feabhra 2014)

## 4.4.3 Achoimre ar ghníomhaíochtaí le linn 2013

### Caighdeáin theicniúla

Éilíonn cúram sláinte na linne seo, atá chomh dian sin ar fhaisnéis, chomh maith leis an ngá le comhchúram othardhírithe, úsáid éifeachtach TFC. Cinntíonn an cumas chun faisnéis a chomhroinnt laistigh de sholáthróirí cúram sláinte agus eatarthu go seachadtar cúram slán, sábháilte ar ardchaighdeán d'othair agus go ndéantar seirbhísí a mhonatóiriú agus a phleanáil ar bhealach tráthúil, cruinn.

Chuireamar mórchomhairliúchán i gcrích le linn 2013 i ndáil leis *an gCaighdeán Náisiúnta um Fhaisnéis Achoimre ar Scaoileadh an Othair*. Fuaireamar breis is 100 aighneacht le linn an phróisis chomhairliúcháin. Cuireadh an Caighdeán faoi bhráid an Aire Sláinte lena fhaomhadh agus foilseofar i Mí Lúnasa é. Tá an obair seo ag dul le hobair a rinneamar roimhe seo leisan *gCaighdeán Náisiúnta um Fhaisnéis Atreoraithe Othar* a fhorbairt. Chuireamar próiseas comhairliúcháin i gcrích i dtaca leis an *Tacar Náisiúnta Sonraí Déimeagrafacha agus leis an Treoir a ghabhann leis* freisin. Fuaireamar 80 aighneacht ina leith. Foilsíodh na Caighdeáin i Mí Dheireadh Fómhair agus rinneadh athbhreithniú orthu i Mí na Nollag 2013.

D'fhoilsíomar Forbhreathnú ar *Chaighdeáin Idir-inoibritheachta sa Chúram Sláinte* i Mí Iúil agus *An Treoir ar Chaighdeáin Aicmithe agus Téarmaíochta in Éirinn* i Mí na Nollag. Cuireadh na cáipéisí seo le chéile tar éis do pháirtithe leasmhara iad a iarraidh. Tugtar sa cháipéisí seo tús eolais ar na hábhair chasta seo, chomh maith le moltaí leathana i dtaobh threo an Údaráis i ndáil le caighdeáin.

Bhíomar páirteach chomh maith i mórchlár oibre faoi cheist ghinearálta an Ríomhoideasaithe, rud a mbeidh réimse caighdeán ag teastáil ina leith. I rith 2013 dhíríomar ar chaighdeáin i ndáil leis an ríomhaistriú oideas agus ar chaighdeáin le haghaidh samhail sonraí a thacóidh le catalóg tagartha drugaí. Cuirfear an dá thionscadal seo i gcrích go luath in 2014.

Ghlacamar páirt i bhforbairt Straitéis Náisiúnta na Ríomhshláinte d'Éirinn, ar foilsíodh i Mí na Nollag 2013 í. Táimid ag tnúth go mór le ról a imirt ina chur i ngníomh sna blianta amach romhainn.

### Aitheantóir Uathúil Sláinte do dhaoine aonair in Éirinn



Bhunaigh an Roinn Sláinte an Grúpa Oibre um Aitheantóirí Sláinte in 2013, ar a ndéantar ionadaíocht do pháirtithe leasmhara, an tÚdarás ina measc. Is sa Bhille um Aitheantóirí Sláinte (2013), a foilsíodh i Mí na Nollag, a dhéantar foráil d'Aitheantóirí Uathúla Sláinte d'úsáideoirí seirbhísí sláinte agus do sholáthróirí seirbhísí sláinte araon. Bainfear úsáid as na haitheantóirí ar fud an chórais sláinte, idir phoiblí agus phríobháideach. Thug an tÚdarás ball foirne ar iasacht don Roinn Sláinte ar feadh sé mhí le lámh chúnta a thabhairt leis an obair seo.

### An Bille um Fhaisnéis Sláinte

Píosa reachtaíochta an-tábhachtach is ea an Bille um Fhaisnéis Sláinte, atá á fhorbairt ag an Roinn Sláinte faoi láthair, a chuirfidh ar fáil an creat dlíthiúil a chumasóidh don Údarás a chuid dualgas reachtúil a chomhlíonadh i dtaobh na faisnéise sláinte agus na heitice taighde. Leanamar de pháirt ghníomhach a ghlacadh i bhfrámú an Bhille i gcaitheamh 2013.

### *Na Prionsabail Threoracha maidir le Bailiúcháin Náisiúnta Sonraí Cúram Sláinte agus Sóisialta*

Cuirfidh na *Prionsabail Threoracha maidir le Bailiúcháin Náisiúnta Sonraí Cúram Sláinte agus Sóisialta*, a foilsíodh i Mí na Bealtaine 2013, bonn faoi na caighdeáin tar éis achtú an Bhille um Fhaisnéis Sláinte atá ar na bacáin. Tugann na prionsabail seo comhairle dóibh siúd a bhíonn páirteach i mbailiúcháin náisiúnta sonraí faoin mbealach is fearr le sonraí arna nginiúint ag an gcúram sláinte a bhailiú agus a úsáid.




Na Prionsabail Threoracha maidir le Bailiúcháin Náisiúnta Sonraí Cúram Sláinte agus Sóisialta.

Is ar fhianaise náisiúnta agus idirnáisiúnta atá siad bunaithe agus cuireann siad chun cinn cleachtais atá cothrom le dáta, éifeachtach, agus a oibríonn i dtreo comhsheasmhacht níos fearr a bhaint amach.

Bailíodh méid suntasach faisnéise faoinár seirbhísí sláinte go rialta i rith 2013. Baineadh úsáid as an bhfaisnéis seo chun monatóireacht a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht agus ar thorthaí sláinte, ar na rátaí galrachta agus báis, ar chláir faireachais agus eipidéimeolaíochta, ar an úsáid acmhainní, ar aisíocaíochtaí agus ar an bpróiseas déanta beartas.

### *Catalóg na mBailiúchán Náisiúnta Sonraí Cúram Sláinte agus Sóisialta*

In 2013 chuireamar tús le nuashonrú *Chatalóg na mBailiúchán Náisiúnta Sonraí Cúram Sláinte agus Sóisialta*, rud a foilsíodh den chéad uair in 2010. Foilseofar an chatalóg arna nuashonrú go luath in 2014.

### An rialachas faisnéise

Tá treoir mhionsonraithe eisithe ag an Údarás roimhe seo ar an rialachas faisnéise, uirlis fhéinmheasúnaithe san áireamh atá scaipthe ar fud fad an chórais cúram sláinte agus sóisialta.

Leag an tÚdarás béim ar chlár uileghabhálach rialachas faisnéise a fhorbairt agus a chur i ngníomh, a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le feabhas leanúnach. Aithníonn sé seo gur bunriachtanach don Údarás cloí leis an dea-chleachtas ó thaobh an rialachais faisnéise de agus déanann sé ár struchtúir riaracháin inmheánacha a fhorbairt tuilleadh.

Le linn 2013 bhí i gceist leis an gclár seo cúrsa oiliúna agus feasachta ar an rialachas faisnéise don fhoireann ar fad, chomh maith le sraith iniúchtaí, idir fhógartha agus neamhfhógartha, i ngach réimse gnó a bhfuil feabhas leanúnach léirithe acu.

### An éirim ghnó

Bhunaigh an tÚdarás grúpa beag éirime gnó ag tús na bliana 2013, arb é a shainchúram luach oibríochtúil na faisnéise a uasmhéadú d’fhonn tacú lenár bhfeidhmeanna rialála agus faisnéis bhainistíochta a chur ar fáil. Tá cur chuige an ghrúpa éirime gnó dírithe go príomha ar an riosca agus ar thacaíocht a thabhairt d’fhoirne iniúchta le hidirghabhálacha agus le gníomhaíochtaí rialála a chur in ord tosaíochta agus a dhíriú ar na spriocanna cearta.

### An eitic thaighde

Lean an tÚdarás ar aghaidh in 2013 ag ullmhú le haghaidh an chúraim a leagfar air as rialachas na heitice taighde faoin mBille um Fhaisnéis Sláinte agus faoin reachtaíocht maidir le trialacha cliniciúla, a chuimsíonn Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Trialacha Cliniciúla ar Tháirgí Íocshláinte lena n-úsáid ag Daoine), 2004 go 2009.

D’oibrigh an tÚdarás as láimh a chéile leis an Roinn Sláinte ó thús deireadh na bliana ar ábhar agus ar amlínte na reachtaíochta baintí nua faoina leagfar an cúram dlíthiúil as na réimsí seo ar an Údarás. Tá i gceist leis seo an chuid den Bhille um Faisnéis Sláinte a bhaineann le Faomhadh na hEitice Taighde, mar aon le leasú ar Ionstraim Reachtúil a ghabhann leis an reachtaíocht reatha maidir le trialacha cliniciúla. Lean an tÚdarás d’obair a dhéanamh ar chórais inmheánacha a bheidh ag teastáil i dtaca leis an bhfeidhm nua seo a bhainistiú.

# 4.5 An Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Corparáideacha

## 4.5.1 Cúlra

Cinntímid éifeachtacht na gcóras, an infreastruchtúir agus na bpróiseas a éascaíonn seachadadh éifeachtúil sheirbhísí an Údaráis. Rinneamar infreastruchtúr an Údaráis a fhorbairt agus a threisiú in 2013.

## 4.5.2 Acmhainní daonna

Tacaíonn an fhoireann acmhainní daonna leis an gcaidreamh le fostaithe, le forbairt beartas, leis an earcaíocht, le cúrsaí cúitimh (párolla, pinsin agus sochair eile), leis an gcóras bainistíochta feidhmíochta agus le leis an bhforbairt eagraíochta.

Bhainistíomar an fhoghlaim agus an fhorbairt eagraíochta ar fud an Údaráis in 2013. Imríonn sé seo tionchar nach beag ar an bhfeidhmíocht eagraíochta a fheabhsú. D'oibrigh an fhoireann acmhainní daonna le páirtithe leasmhara inmheánacha chun sainaithint a dhéanamh ar chroíchláir foghlama agus forbartha i réimsí straitéiseacha agus chun na cláir sin a chur ar fáil. Tugadh tacaíocht d'fhostaithe ar leith chomh maith trí chlár tacaíochta acadúla.

Bhí an fhoireann acmhainní daonna freagrach as neart tionscadail earcaíochta agus ionduchtúcháin in 2013 mar a thosaigh an tÚdarás ag clárú seirbhísí cónaithe do dhaoine faoi mhíchumas agus ag déanamh iniúchadh orthu. Rinneamar baill foirne nua a earcú chun na Stiúrthóireachta Rialacháin freisin chun tacú leis an gcúram sláinte.

## 4.5.3 Bainistíocht airgeadais

Chomhlíon an tÚdarás a chuid oibleagáidí ó thaobh airgeadais de in 2013. Bailíodh táillí bliantúla in am is i dtráth, agus chuir an próiseas buiséadaithe agus réamhaisnéisithe ar ár gcumas an caiteachas iarbhír a bhainistiú i gcomparáid leis na hacmhainní a bhí ar fáil agus a bhí beartaithe.

Rinne soláthróir iniúchta inmheánaigh an Údaráis iniúchadh ar rialú inmheánach airgeadais an Údaráis i gcaitheamh na bliana. Ní dhearnadh sainaithint ar aon bhuairt ábhartha.

Shuiteáil an tÚdarás bogearraí airgeadais nua in 2013 a chuíchóiríonn próisis agus bainistíocht na faisnéise a thacaíonn leis an bpróiseas cinnteoireachta agus a chuireann bonn eolais faoi.

Cuireadh cuntais bhliantúla an Údaráis don bhliain 2013 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de réir na n-amlínte a leagtar síos san Acht Sláinte, 2007 (féach Caibidil 5).

## 4.5.4 An Plean Corparáideach agus an Plean Gnó

D'fhoilsigh an tÚdarás a *Phlean Gnó, 2013*, ina dtugtar breac-chuntas ar na croíchuspóirí gnó a bhí le baint amach i gcaitheamh na bliana i gcomhréir leis *an bPlean Corparáideach, 2013 – 2015*. Tá an dá cháipéis le fáil ar www.hiqa.ie.

## 4.5.5 Bainistíocht saoráidí agus an éifeachtúlacht fuinnimh

Tá Ceanncáras an Údaráis lonnaithe i Machain, Corcaigh agus tá Oifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath lonnaithe i Margadh na Feirme. Tá 30 ball foirne iniúchta ag an Údarás atá bunaithe sa bhaile. Tá i gceist leis an mbainistíocht saoráidí cúrsaí slándála, sláinteachais, soláthair, cothabhála agus deisiúcháin, mar aon le bainistiú acmhainní agus soláthróirí seirbhísí. In 2013 rinneamar maoirseacht ar sheomraí cruinnithe seachtracha a fhoinsiú agus a chur in áirithe in eagraíochtaí earnála poiblí eile. Déanann an tÚdarás plé le cothabháil aonad oifige in Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath chomh maith, ar aonad é atá áitithe ag gníomhaireacht rialtais eile.

Bhogamar ár nOifig Réigiúnach i mBaile Átha Claith isteach i spás oifige nua atá thart ar 976m2 ar achar in 2013, áit a raibh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí lonnaithe roimhe seo. Chuir Oifig na nOibreacha Poiblí feistiú an spáis bhreise seo i gcrích. Tacaíonn cóiríocht an Údaráis leis an Údarás a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtúil.

### Ídiú Fuinnimh

I measc na mbealaí éagsúla a úsáideadh fuinneamh i bhfoirgnimh an Údaráis in 2013 bhí téamh, aerchóiriú, uisce te, soilsiú, agus úsáid trealamh oifige. Úsáideadh 32% d'iomlán an fhuinnimh a ídíodh i gCeanncáras an Údaráis agus úsáideadh 68% den iomlán in Oifig Réigiúnach Bhaile Átha Claith in 2013.

Ghlacamar páirt sa tionscnamh 'Optimising Power @ Work' de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí in 2013. Beidh Céim II den tionscnamh dírithe ar an ídiú fuinnimh a laghdú 20%, i gcomparáid leis an mbliain bhonnlíne, 2010. Is í aidhm an tionscnaimh seo an próiseas laghdaithe fuinnimh a luathú, billí fuinnimh a laghdú, agus páirt a ghlacadh sa sprioc laghdaithe fuinnimh de 33% a bhaint amach in earnáil phoiblí na hÉireann. Tá ídiú fuinnimh an Údaráis laghdaithe 42.95% ón mbliain bhonnlíne i leith.

Thug Oifig na nOibreacha Poiblí aitheantas don mhéid a bhaineamar amach in 2013 trí ghradam, a bhfuil tábhacht nach beag ag baint leis, a bhronnadh ar ár gCeannoifig sa chatagóir le haghaidh 'an Fhoirgnimh Aerchóirithe is Fearr' (Cúige Mumhan). Bhuaigh ár n-oifig réigiúnach an catagóir le haghaidh 'an Fhoirgnimh Aerchóirithe is Fearr' (Cúige Laighean) chomh maith.



Meiread Ashe, an Bainisteoir Oibríochtaí, agus an gradam réigiúnach a bronnadh orainn le haghaidh 'an Fhoirgnimh Aerchóirithe is Fearr' (Cúige Laighean) ag searmanas bronnta gradam Oifig na nOibreacha Poiblí, 2013.

D’ídigh an tÚdarás 553 MWh d’fhuinneamh:

- 179 MWh leictreachais i gCeannáras an Údaráis
- 229 MWh leictreachais in Oifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath
- 145 MWh de bhreoslaí iontaiseacha in Oifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath

Bhí baint ag roinnt tionscnamh lenár bhfeidhmíocht ídithe fuinnimh a fheabhsú in 2013:

- Tomhaiseadh an t-ídiú fuinnimh agus rinneadh anailís air chun an t-ídiú sin a rialú go córasach. Chuir an tionscnamh seo bonn eolais faoi bhearta díreacha a rinneadh dá éis sin.
- Rinneadh iniúchtaí rialta ar an gcóras bainistithe foirgneamh. Rinneadh sainaithint de dhroim na n-iniúchtaí ar bhealaí féideartha le fuinneamh a shábháil trí sceidil, trí phointí teochta socraithe agus tríd an straitéis rialaithe a bharrfheabhsú.
- Tugadh léachtaí, láithreoireachtaí agus ceardlanna do bhaill foirne d’fhonn an fheasacht ar an éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú.
- Tháinig an fhoireann fuinnimh le chéile agus eisíodh tuairisc fuinnimh uair sa mhí chun taifead a choinneáil ar fheabhsuithe agus sainaithint a dhéanamh ar rudaí a bhí fós le feabhsú.

### 4.5.6 Córais faisnéise

D'fhorbraíomar córas bainistíocht faisnéise nua don Údarás in 2013. Is é Prism an croímol bainistithe faisnéise a bhainistíonn an fhaisnéis ar fad a bhaineann le gach feidhm den Údarás. Seoladh an córas i bhfómhar 2013 agus tacaíonn sé linn ionaid chónaithe do dhaoine breacaosta agus ionaid chónaithe do dhaoine faoi mhíchumas a rialú.

Rinneamar deimhin de go raibh úsáideoirí tacaithe ag córais shlána, athléimneacha in 2013. Chuireamar tacaíocht ar fáil i dtaca le leathadh na hoifige agus le baill foirne nua a earcú.

### 4.5.7 Sláinte agus sábháilteacht

Chomhlíon an tÚdarás an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 agus na Rialacháin faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ginearálta), 2007. Chloíomar leis na beartais agus leis na nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta agus chuireamar ar fáil oiliúint oiriúnach, cláir feasachta ar an tsábháilteacht agus trealamh cosanta pearsanta.

Chuir baill foirne de chuid an Údaráis dhá mhionteagmhas nó neasteagmhas in 2013. Rinneadh athbhreithniú ar an dá theagmhas agus rinneadh bearta cuí chun an baol a laghdú go dtarlóidís arís. Tháinig an Coiste Sláinte agus Sábháilteachta le chéile go rialta ó thús deireadh na bliana.

### 4.5.8 Saoráil faisnéise

Ceadaíonn na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 rochtain ar fhaisnéis atá i seilbh an Údaráis nach mbíonn fáil uirthi trí fhoinsí eile de ghnáth.

Freagraíodh do na hiarratais a fuaireamar in 2013 go cuí agus rinneadh iad a bhainistiú de réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003. Cuireadh le líon na gcinnteoirí um shaoráil faisnéise atá ag an Údarás trí oiliúint chuí a chur ar fáil.

Fuaireamar 20 iarratas saorála faisnéise i gcaitheamh 2013. As an líon seo, deonaíodh dhá cheann acu, deonaíodh 10 gcinn go páirteach, diúltaíodh do thrí chinn, tarraingíodh siar aon cheann amháin, cuireadh ceann amháin eile ar aghaidh chuig gníomhaireacht rialtais eile, tarraingíodh siar dhá cheann agus rinneadh plé leo lasmuigh den phróiseas saorála faisnéise agus tugadh ceann amháin ar aghaidh chuig 2014.

Bhí an tÚdarás páirteach i gcúig chomhairliúchán neamhfhoirmeálta le gníomhaireachtaí eile faoi iarratais saorála faisnéise a fuair na páirtithe sin a bhain lenár sainordú.

### 4.5.9 Cosaint sonraí

Tá an tÚdarás cláraithe mar rialaitheoir sonraí de bhun an Achta um Chosaint Sonraí, 1988 agus an Achta um Chosaint Sonraí (Leasú), 2003.

Tá ráiteas cleachtais faisnéise le fáil ar www.hiqa.ie. Fuaireamar aon iarratas amháin le rochtain ar fhaisnéis de réir na reachtaíochta cosanta sonraí le linn 2013.

# 4.6 An Stiúrthóireacht um Chumarsáid agus Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara

## 4.6.1 Cúlra

Bíonn an tÚdarás i dteagmháil leis an bpobal i gcoitinne agus lenár bpáirtithe leasmhara iomadúla. Bhí an obair a rinne an Stiúrthóireacht um Chumarsáid agus Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara in 2013 ina cúis le faisnéis thráthúil, chomhsheasmhach a chur ar fáil don phobal, rud a bhrúigh seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta ní b'fhearr, ní ba shábháilte, agus ar chaighdeán ní b'airde chun cinn.

Is í ár dtosaíocht an obair seo a dhéanamh agus guth neamhspleách, neamhchlaonta a choinneáil ag an am céanna. Foilsíodh tuarascálacha agus moltaí in 2013 de réir dhá cheann de chroí-threoirphrionsabail an Údaráis .i. an oscailteacht agus an trédhearcacht. Leanamar de pháirtithe leasmhara sna meáin agus sa pholaitíocht a choinneáil ar an eolas faoin obair a dhéanaimid agus rinneamar ár ndícheall lena chinntiú go raibh na tuairiscí ar an obair sin ceart agus cruinn.

## 4.6.2 Feidhmeanna

Comhlíonaimid sé fheidhm le freastal ar riachtanais chumarsáide an Údaráis. Is iad seo a leanas na bhfeidhmeanna sin:

- Caidreamh leis na nuachtáin agus leis na meáin
- Bainistíocht foilsitheoireachta agus foilseachán
- Cumarsáid inmheánach
- Cumarsáid ar líne
- Gnóthaí poiblí agus parlaiminteacha
- Comhairliúchán agus rannpháirteachas le páirtithe leasmhara.



An Dr. Tracey Cooper (Príomhfheidhmeannach) agus an Dr. Nuala Lucas (Ainéistéisí Comhairleach agus ball d'fhoireann iniúchta an Údaráis) ag labhairt leis na meáin tar éis fhoilsiú ár dtuarascála iniúchta ar an tsábháilteacht othar (Gaillimh).

## 4.6.3 Caidreamh leis na nuachtáin agus leis na meáin

Thug réimse leathan eagraíochtaí meáin, idir náisiúnta, réigiúnach agus idirnáisiúnta, tuairiscí ar obair an Údaráis in 2013. Thuairiscigh RTÉ, an craoltóir seirbhíse poiblí náisiúnta, 72 scéal le linn na bliana a raibh baint dhíreach acu le torthaí dár gcuid. D'oibríomar chun a chinntiú gur cuireadh teachtaireacht an Údaráis ar shúile an phobail ar bhealach comhsheasmhach, soiléir.

I measc na mórócáidí meáin a bhí ar siúl in 2013 bhí: foilsiú na tuarascála iniúchta ar an tsábháilteacht othar (Gaillimh); tosú fheidhmeanna an Údaráis i leith iniúchadh a dhéanamh ar sheirbhísí cosanta agus leasa leanaí; iniúchtaí ar shláinteachas ospidéal; agus tosú fheidhmeanna an Údaráis i leith rialú seirbhísí cónaithe agus faoisimh do leanaí agus do dhaoine fásta faoi mhíchumas. D'eisíomar 29 preaseisiúint in 2013. Rinneadh plé nár bheag ar na hEochairtháscairí Feidhmíochta Cúram Éigeandála Réamhospidéil i leith Agaí Práinnfhreagartha sna meáin chomh maith.

## 4.6.4 Bainistíocht foilsitheoireachta agus foilseachán

Cinntíonn an tÚdarás go mbíonn fáil éasca ar fhoilseacháin dá chuid. Foilsítear tuarascálacha agus foilseacháin go pras agus féadtar iad a íoslódáil ónár suíomh Idirlín www.hiqa.ie. Déantar gach iarracht cloí le prionsabail an Bhéarla Shoiléir inár dtuarascálacha uile, nuair is iomchuí.




Foilsíodh leaganacha éagsúla de *na Caighdeáin Náisiúnta um Sheirbhísí Cónaithe do Leanaí agus do Dhaoine Fásta faoi Mhíchumas*, leagan sa Bhéarla Soiléir, leagan 'éasca le léamh', leagan físe, leagan fuaime agus leagan sa Bhraille ina measc.

Tháirgeamar méid suntasach foilseachán in 2013, cáipéisí caighdeán agus treoracha, tuairiscí ar thithe altranais, tuairiscí ar leanaí agus tuairiscí ar shláinteachas ospidéal ina measc.

D'fhoilsíomar 19 dtuarascáil ardleibhéil, mar aon le haon mhórthuarascáil iniúchta amháin ar an tsábháilteacht othar. Chuireamar ár dteachtaireacht in iúl go breá soiléir trí leaganacha éagsúla dár bhfoilseacháin a chur ar fáil, m.sh. leagan sa Bhéarla Soiléir, leagan 'éasca le léamh', leagan físe, leagan fuaime agus leagan sa Bhraille.

D'fhoirmíomar mórchlár oiliúna sa scríobh tuairiscí in 2013, rud a chuireamar ar fáil do na cigirí atá ag comhlíonadh ár bhfeidhmeanna nua i leith seirbhísí cónaithe agus faoisimh do leanaí agus do dhaoine fásta faoi mhíchumas a rialú. Cinntíonn sé seo go dtuairiscítear obair an Údaráis ar bhealach comhsheasmhach, soiléir.

### 4.6.5 Cumarsáid inmheánach

Coinnímid agus forbraímid cumarsáid inmheánach ar fud an Údaráis agus leis na 188 ball foirne.

Bhí cruinnithe rialta foirne agus an t-inlíon ar an dá fhoinse cumarsáide inmheánaigh ba mhó i ndáil le gníomhaíochtaí an Údaráis. Uirlis éifeachtach, shimplí is ea an iris inmheánach mhíosúil *Inside Track*, a choinníonn an fhoireann ar an eolas faoin obair ar fad atá á déanamh ag an Údarás. Tugtar i gcoimrí corparáideacha, amhail *The Cascade and Change Ezine*, tuairiscí chun dáta do chomhghleacaithe ar an bhfaisnéis chorparáideach agus oibríochtúil is ábhartha.

D'éascaíomar Club Irisleabhar Ráithiúil agus seisiúin rialta 'lóin agus foghlama'. Coinníonn a leithéid de thionscnaimh comhghleacaithe ar an eolas faoina mbíonn ag tarlú i réimsí bainteacha sna timpeallachtaí cúram sláinte agus sóisialta anseo in Éirinn agus thar lear.

### 4.6.6 Cumarsáid ar líne (suíomh Idirlín san áireamh)

Táimid tiomanta do leanúint den suíomh Idirlín, de bhealaí meán sóisialta agus den inlíon a fhorbairt mar fhoinsí tábhachtacha faisnéise dár bhfoireann agus dár bpáirtithe leasmhara. Rinneamar ár mbealaí ar líne a fhorbairt tuilleadh in 2013, ár suíomh Idirlín www.hiqa.ie, ár leathanach ar Facebook, ár gcainéal ar YouTube agus ár gcuntas ar Twitter san áireamh, d'fhonn cumarsáid a dhéanamh le tuilleadh daoine, idirghníomhú le páirtithe leasmhara agus ionchur a lorg uathu, agus pobal a fhorbairt a bhfuil suim aige i saothar an Údaráis.

Mhéadaigh líon na gcuairteanna ar shuíomh Idirlín an Údaráis 27% in 2013. Mhéadaigh líon na gcuairteoirí leithleacha 30%. Mhéadaigh líon na leathanach ar breathnaíodh orthu 16%. Is iad na ceithre leathanach is mó tóir dá bhfuil ar www.hiqa.ie an leathanach baile, an leathanach a bhaineann le tithe altranais agus le tuairiscí iniúchta cúraim shóisialta, an leathanach earcaíochta agus leathanach na gcaighdeán.

Tháinig borradh i líon na ndaoine a leanann an tÚdarás ar líonraí meán sóisialta in 2013. Mhéadaigh líon na leantóirí ar Twitter faoi dhó agus mhéadaigh líon na leantóirí ar Facebook 40%. Mhéadaigh líon na ndaoine atáimid nasctha leo ar LinkedIn 402%.




Craoladh foilsiú *na gCaighdeán Náisiúnta um Sheirbhísí Cónaithe do Leanaí agus do Dhaoine Fásta faoi Mhíchumas* in 2013 ar bhealach an Údaráis ar YouTube. Rinne Jude O'Neill, Bainisteoir Iniúchta, plé ar an tábhacht a bhaineann le Caighdeáin Náisiúnta. Bhí an físeán seo ar fáil le hateangaireacht teanga chomharthaíochta agus le fotheidil.

Baineadh úsáid as ár seirbhís rabhaidh SMS le tuairiscí chun dáta ar obair an Údaráis a sheoladh amach chuig na síntiúsóirí. Mhéadaigh líon na síntiúsóirí SMS 19% in 2013.

### 4.6.7 Gnóthaí poiblí agus parlaiminteacha

Tá an tÚdarás freagrach don Rialtas agus do Thithe an Oireachtais. Bímid réamhghníomhach agus freagrach agus muid ag cur faisnéis bheacht ar fáil. Is é ár mbeartas freagra a thabhairt ar gach ceist pholaitiúil in am. Bímid i dteagmháil dhíreach le ranna rialtais, le Comhchoiste an Oireachtais um Shláinte agus Leanaí, agus le hurlabhraithe bainteacha.

D'oibrigh an tÚdarás as láimh a chéile le teachtaí agus le ranna rialtais ar réimse ceisteanna reachtaíochta a cuireadh chun cinn i gcaitheamh 2013. I measc na gceisteanna seo bhí an Bille Sláinte Poiblí (Infhaighteacht Dífhibrileoirí), 2013, an Bille um Aitheantóirí Sláinte, an Bille um Fhaisnéis Sláinte, na Rialacháin faoin Acht Sláinte, 2007 (Clárú Ionad Ainmnithe do Dhaoine [idir Leanaí agus Dhaoine Fásta] faoi Mhíchumas), 2013 agus an Bille um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Leochaileacha), 2012. Ina theannta sin, chuir an tÚdarás eolas ar fáil le cúnamh a thabhairt don Roinn Sláinte agus don Roinn Leanaí ullmhú le haghaidh díospóireachtaí san Oireachtas agus gnó parlaiminteach eile.

Thug ár gcuid oibre comhthéacs do roinnt mhaith díospóireachta san Oireachtas in 2013, áit a ndearna an Taoiseach, an Tánaiste, an tAire Sláinte, an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, an tAire Stáit ag an Roinn Sláinte, Cathaoirleach agus Leaschathaoirleach Chomhchoiste an Oireachtais um Shláinte agus Leanaí, Ceannairí an Fhreasúra, Urlabhraithe an Fhreasúra ar Shláinte, Urlabhraithe an Fhreasúra ar Shláinte agus Ghnóthaí Óige, Ceannaire Sheanad Éireann agus comhaltaí parlaiminte eile tagairt pharlaiminteach don Údarás.

D'fhreagraíomar 38 ceist parlaiminteach in 2013. I measc na gceisteanna siúd bhí ceisteanna a cuireadh ar an Aire Sláinte, ar an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus ar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. In 2013 cuireadh ceisteanna faoi na caighdeáin i leith an titimis, faoin gcúram altramais, faoi iniúchtaí, faoin gcúram cónaithe agus faoi iniúchtaí a d'eascair as na cúramaí míchumais nua a leagadh ar an Údarás. D'fhreagair an tÚdarás ceisteanna parlaiminteacha faoi shocruithe corparáideacha an Údaráis freisin. Tugadh freagraí ar gach uile cheist in am.

Léiríonn réimse na gceisteanna a chuir grúpaí polaitíochta éagsúla san Oireachtas go mbíonn ionadaithe tofa feasach agus eolach ar a ndéanaimid. Bímid i dteagmháil le hUrlabhraithe an Oireachtais ar Shláinte agus ar Leanaí ar bhonn leanúnach. Lena chois sin, is minic a fhaigheann an tÚdarás ceisteanna go díreach ó ionadaithe poiblí agus óna n-oifigí.

An 12 Meán Fómhair 2013 thugamar cur i láthair do Choiste an Oireachtais ar Shláinte agus Leanaí faoinár gclár oibre. Bhuail an cathaoirleach leis an gcoiste ar an 26 Samhain 2013 freisin le plé a dhéanamh ar *Phlean Corparáideach an Údaráis, 2013-2015.*



An Dr. Tracey Cooper (Príomhfheidhmeannach) agus Phelim Quinn (Stiúrthóir na Stiúrthóireachta Rialacháin) ag tabhairt aithisc do Chomhchoiste an Oireachtais ar Shláinte agus Leanaí ar an 12 Meán Fómhair 2013.

Grianghraf le caoinchead ó www.oireachtas.ie

### 4.6.8 Comhairliúchán agus rannpháirteachas le páirtithe leasmhara

D'éirigh leis an Údarás clár oibre nár bheag a chur i gcrích i gcaitheamh 2013, rud ba chúis le próifíl an Údaráis a fheabhsú agus le caidrimh agus le comhthuiscint a fhorbairt leis na páirtithe leasmhara iomadúla atá againn. Coinnímid i dteagmháil le páirtithe leasmhara, an pobal i gcoitinne, úsáideoirí seirbhísí, soláthróirí seirbhísí agus grúpaí tathanta san áireamh. Is í an tosaíocht is mó atá againn bheith freagrach do riachtanais na ndaoine a úsáideann agus a sholáthraíonn seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta.

In 2013 bhíomar páirteach i gclár rannpháirteachais uileghabhálach le soláthróirí seirbhísí cónaithe do leanaí agus do dhaoine fásta faoi mhíchumas in Éirinn. Bhí i gceist leis an rannpháirteachas seo seisiúin chomhairliúcháin sular cuireadh na rialacháin i ngníomh, agus cruinnithe faisnéise tar éis d'fheidhmeanna an Údaráis tosú go hoifigiúil.

D'fhorbraíomar an rannpháirteachas le páirtithe leasmhara in 2013 trí cheithre eagrán dár n-iris ráithiúil *HIQA News* a eisiúint, ar iris í a choinníonn ár bpáirtithe leasmhara ar an eolas faoina mbíonn ag titim amach laistigh den Údarás féin agus i ndisciplíní cúram sláinte agus sóisialta ar fud na cruinne. Mhéadaigh líon na síntiús a glacadh le HIQA News 30% in 2013. Scaipeadh an t-eagrán deireanach in 2013 go leictreonach do 2,600 páirtí leasmhar.

# 4.7 Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh

### 4.7.1 Cúlra

Tugann Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh maoirseacht, treoir agus tacaíocht don Údarás le cur ar a chumas a chuspóirí a bhaint amach de réir creat rialachais. Tá san áireamh sa saothar seo tacaíocht éifeachtach a thabhairt don Bhord agus do choistí an Bhoird lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an tÚdarás na ceanglais reachtúla atá air.

### 4.7.2 An Bord agus coistí an Bhoird

Bliain an-chruógach ba ea an bhliain 2013 don Bhord agus dá choistí. Mar aon lena chuid gníomhaíochtaí sceidealaithe .i. straitéis a leagan síos don Údarás agus monatóireacht feidhmíochta a dhéanamh air, tionóladh cuid mhaith cruinnithe breise le plé a dhéanamh le saincheisteanna eile a tháinig chun solais linn na hoibre sin. Lena chois sin, rinneadh athruithe ar bhallraíocht an Bhoird. Chuaigh cathaoirleach nua, Brian McEnery, i mbun oifige i Mí na Bealtaine 2013 agus chuaigh ceathrar comhaltaí nua isteach sa Bhord i Mí Feabhra 2013.

Threisigh an Bord a chreat freagrachta i mbliana nuair a chuir na Stiúrthóirí Feidhmiúcháin agus Ceannairí na Stiúrthóireachta um Sheirbhísí Corparáideacha agus na Stiúrthóireachta um Chumarsáid agus Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara a lámha le ráitis urrúis le ceanglais reachtúla ó thaobh an chomhlíonta de a shásamh agus le réimsí freagrachta ar leith a chlúdach. Tugtar mioneolas air seo sa chuid ‘An Cód Rialachais’. Táimid tar éis sainaithint a dhéanamh ar réimsí ar gá na rialuithe inmheánacha a threisiú tuilleadh ina leith sa bhliain amach romhainn.

Déanann an Bord athbhreithniú ar a fheidhmíocht gach bliain agus déantar moltaí mar thoradh ar an bpróiseas athbhreithnithe sin d’fhonn dul i ngleic le haon rud a chaithfear a fheabhsú nó a fhorbairt. Níor tionóladh ach cruinnithe a raibh géarghá leo le linn 2012 de dheasca nach raibh ach líon laghdaithe comhaltaí ar an mBord. Líonadh gach folúntas ar an mBord i Mí Feabhra 2013 agus thosaigh na Coistí ag tabhairt faoi iomlán a gcúraim in athuair.

### 4.7.3 Cruinnithe an Bhoird

Tháinig an Bord le chéile 13 huaire i gcaitheamh 2013.

- Coistí an Bhoird

Is ann do cheithre choiste boird. Is iad seo a leanas na coistí sin:

- **An Coiste Rialachais Cúram Sláinte agus Sóisialta** a dhéanann maoirseacht ar éifeachtacht, ar chúrsaí rialachais agus ar rialuithe a bhaineann le seachadadh fheidhmeanna cúram sláinte agus sóisialta an Údaráis. Tháinig an coiste seo le chéile 4 huaire le linn 2013.

- **An Coiste Iniúchta agus Rialachais Chorparáidigh** a dhéanann monatóireacht ar chomhlíonadh fheidhmeanna reachtúla an Údaráis agus ar éifeachtacht na socruithe rialachais chorparáidigh, bainistíocht airgeadais, soláthair, bainistíocht riosca agus iniúchta inmheánaigh. Tháinig an coiste seo le chéile cúig huaire i gcaitheamh 2013.

- **An Coiste Faisnéise, Taighde agus Teicneolaíochtaí** a chuireann comhairle ar an mBord maidir le gnéithe tábhachtacha d'fheidhmeanna teicneolaíocht faisnéise agus sláinte an Údaráis agus leis na socruithe rialachais le haghaidh tionscadail taighde. Tháinig an coiste seo le chéile 3 huaire le linn 2013.
- **An Coiste Luach Saothair agus Ainmniúchán** a dhéanann monatóireacht ar riachtanais eagraíochta agus ar fhorbairt bhainistiúil an Údaráis. Tháinig an coiste seo le chéile 5 huaire le linn 2013.

### 4.7.4 An Cód Rialachais

Tá san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil seo tuarascáil ar shocruithe an Údaráis i dtaobh a Chód Rialachais a chur i ngníomh agus comhlíonadh an Chóid sin a áirithiú (Aguisín 3). Is é Bord an Údaráis atá freagrach as an gcóras rialaithe inmheánaigh agus as athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha gach bliain, lena n-áirítear na rialuithe airgeadais, oibríochtúla, comhlíonta agus bainistíocht riosca.[1]

Fuarthas dearbhuithe ó fhoinsí éagsúla, na foinsí seo a leanas ina measc:

- Obair iniúchta inmheánaigh
- Iniúchadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- Tuarascáil ar fheidhmíocht chorparáideach, lena n-áirítear na rioscaí corparáideacha don Údarás
- Tuairiscí arna dtabhairt ag an bPríomhfheidhmeannach agus ag Stiúrthóirí Feidhmiúcháin don Bhord
- Tuairiscí arna dtabhairt ag Coistí an Bhoird don Bhord.

Cuirtear próiseas foirmiúil dearbhaithe ar bun faoina ndéanann na coistí athbhreithniú ar éifeachtacht chóras rialuithe inmheánacha an Údaráis. Tugtar faoin obair seo thar ceann Bhord an Údaráis agus de réir Alt 10.1 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.



An Dr. Tracey Cooper, Príomhfheidhmeannach an Údaráis, agus Patricia Gilheaney, Príomhfheidhmeannach an Choimisiúin Meabhair-Shláinte, ag cur a lámha le Meabhrán Tuisceana idir an tÚdarás agus an Coimisiún in 2013.

1 De réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, Alt 10.1 (an Roinn Airgeadais)

Thug an lucht bainistíochta feidhmiúcháin dearbhuithe do na coistí go mbíonn feidhmeanna an Údaráis á gcur i ngníomh de réir an Achta Sláinte, 2007 agus de réir na reachtaíochta agus na treorach baintí don earnáil phoiblí. Treisíodh an creat urrúis in 2013 freisin, a chuimsíonn ráitis urrúis arna síniú ag na Stiúrthóirí Feidhmiúcháin agus ag Ceannairí na Stiúrthóireachta um Sheirbhísí Corparáideacha agus na Stiúrthóireachta um Chumarsáid agus Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara, ina dtugtar breac-chuntas ar na réimsí comhlíonta reachtúil agus a chlúdaíonn réimsí freagrachta ar leith.

Tar éis do na coistí athbhreithniú a dhéanamh air, cuireadh tuarascáil ón lucht bainistíochta feidhmiúcháin faoi bhráid an Bhoird i Mí Eanáir 2013, inar tugadh dearbhuithe faoi éifeachtacht rialuithe inmheánacha an Údaráis, sular chuir an Bord a ainm le Tuarascáil Bhliantúil 2013 agus le cuntais agus ráitis bhliantúla 2013.

Tá na rialuithe airgeadais faoi réir iniúchadh inmheánach agus iniúchadh seachtrach ar bhonn bliantúil, agus cuireadh tuarascálacha ar na hiniúchtaí seo faoi bhráid an Bhoird. Tháinig an bhainistíocht riosca aníos arís is arís eile mar mhír ar an gclár gnó ag cruinnithe de Stiúrthóireachtaí, den Bhord Feidhmiúcháin agus de Choistí.

### 4.7.5 An Cód Iompraíocht Ghnó

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú:

- go mbíonn an tÚdarás in oiriúint leis na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí.
- go ndéanann an tÚdarás aon choinbhleacht leasa a thagann chun solais a bhainistiú mar is cuí.
- go ndéanann an tÚdarás deimhin de go dtuigeann comhaltaí an Bhoird na dualgais atá orthu agus go ndearbhaíonn siad an tuiscint sin i scríbhinn.

### 4.7.6 An feidhmeannas dlí

Tá feidhmeannas dlí inmheánach ag an Údarás, ina n-oibríonn aon dlíodóir cáilithe amháin. In 2013 d'éascaigh an feidhmeannas dlí rochtain éifeachtúil, chost-éifeachtach ar chomhairle dlí.

### 4.7.7 Monatóireacht ar fheidhmíocht agus bainistíocht riosca

Thug an tÚdarás isteach meicníocht chuíchóirithe nua um thuairisciú feidhmíochta corparáidí agus riosca chorparáidigh le linn 2013. Tugtar tuairisc ar dhul chun cinn i gcomparáid leis an gclár feidhmíochta corparáidí agus riosca chorparáidigh ag gach cruinniú den Bhord. Cinntíonn sé seo go gcoinníonn an tÚdarás a fhócas straitéiseach agus go ndéantar monatóireacht ar stádas chuspóirí agus rioscaí corparáideacha an Údaráis ó thús deireadh na bliana.

# 5 Faisnéis Airgeadais

# 5 Faisnéis Airgeadais

## 5.1 Ráitis airgeadais

Níl san fhaisnéis airgeadais achoimrithe a leagtar amach sa tuarascáil seo cuntais an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2013 chun críche Alt 35 (4) den Acht Sláinte, 2007.

Tá an fhaisnéis anseo bunaithe ar na dréachtchuntais de dheasca nach raibh na cuntais seo iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tráth ar foilsíodh an Tuarascáil Bhliantúil seo, agus ní féidir leis an Údarás iad a thabhairt chun críche dá bhrí sin.

### Achoimre ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an Údaráis don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013:

| **Ioncam** | **€'000** |
|---|---|
| An Roinn Sláinte agus Leanaí | 10,000 |
| Táillí Bliantúla agus Táillí Clárúcháin | 5,433 |
| Ioncam Eile | 502 |
| **Iomlán an Ioncaim** | **15,935** |
| **Caiteachas** | |
| Iniúchtaí agus Táillí Gairmiúla | 146 |
| Costais Foirne | 11,720 |
| Taisteal agus cothú | 659 |
| Taighde agus scaipeadh | 102 |
| Tacaíocht agus Teaghlachas | 2,692 |
| Caiteachas Iomlán | **15,319** |
| Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas | 616 |
| Cúlchistí Tosaigh | 126 |
| Cúlchistí Deiridh | **742** |

Le haghaidh tuilleadh eolais, féach na cuntais iomlána don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2013 agus deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a ghabhann leo. Beidh cóipeanna de na cuntais le fáil ar www.hiqa.ie tar éis a bhfoilsithe.

# 6 Aguisíní

# Aguisíní

## **Aguisín 1:** Gníomhaíocht agus Tinreamh an Bhoird in 2013

Leagtar síos san Acht Sláinte, 2007 go dtionólfaidh an Bord oiread cruinnithe agus is gá chun a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh, ach cruinniú gach dhá mhí ar a laghad. Tugtar anseo thíos breac-chuntas ar na sé chruinniú sceidealaithe a tionóladh le linn 2013, chomh maith le tinreamh gach comhalta boird.

### Tinreamh ag na 6 chruinniú boird, idir ghnáthchruinnithe agus chruinnithe reachtúla, in 2013

| Gnáthchru-innithe an Bhoird, 2013 | 23 Ean 8 CB | 20 Márta 12 CB | 13 Beal 12 CB | 3 Iúil 12 CB | 18 MFómh 12 CB | 20 Samh 12 CB | Tinreamh an duine aonair ag gnáth-chruinnithe boird |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Pat McGrath | i láthair | i láthair | i láthair | ar scor | ar scor | ar scor | 3 as 3 |
| Brian McEnery | n/b | n/b | n/b | i láthair | i láthair | i láthair | 3 as 3 |
| Grainne Tuke | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | 6 as 6 |
| Philip Caffrey | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | as láthair | i láthair | 5 as 6 |
| Sam McConkey | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | 6 as 6 |
| Cillian Twomey | i láthair | i láthair | i láthair | as láthair | i láthair | i láthair | 5 as 6 |
| Darragh O'Loughlin | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | 6 as 6 |
| David Molony | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | 6 as 6 |
| Sheila O'Malley | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | 6 as 6 |
| Una Geary | n/b | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | 5 as 5 |
| Anne Carrigy | n/b | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | 5 as 5 |
| Mo Flynn | n/b | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | 5 as 5 |
| Linda O'Shea Farren | n/b | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | 5 as 5 |
| **Tinreamh ag Cruinnithe an Bhoird** | **8 as 8** | **12 as 12** | **12 as 12** | **11 as 12** | **11 as 12** | **12 as 12** | |

Chomh maith leis na sé chruinniú reachtúla a éilítear leis an Acht Sláinte, 2007, thionóil Bord an Údaráis seacht gcruinniú sa bhreis chun feidhmeanna an Údaráis a chur chun cinn.

## Tinreamh ag na 7 gcruinniú boird urghnácha in 2013

| Gnáth-chruin-nithe an Bhoird, 2013 | 13 Márta 12 CB | 19 Márta 12 CB | 22 Lúnasa 12 CB | 7 DFómh 12 CB | 29 DFómh 12 CB | 13 Noll 12 CB | 18 Noll 12 CB | Tinreamh an duine aonair ag gnáthchru-innithe boird |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Pat McGrath | i láthair | i láthair | ar scor | ar scor | ar scor | ar scor | ar scor | 2 as 2 |
| Brian McEnery | n/b | n/b | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | 5 as 5 |
| Grainne Tuke | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | as láthair | 6 as 7 |
| Philip Caffrey | as láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | 6 as 7 |
| Sam McConkey | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | 7 as 7 |
| Cillian Twomey | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | as láthair | i láthair | as láthair* | 5 as 7 |
| Darragh O'Loughlin | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | as láthair | i láthair | 6 as 7 |
| David Molony | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | 7 as 7 |
| Sheila O'Malley | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | 7 as 7 |
| Una Geary | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | as láthair | i láthair | 6 as 7 |
| Anne Carrigy | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | as láthair | i láthair | i láthair | 6 as 7 |
| Mo Flynn | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | as láthair* | as láthair* | 5 as 7 |
| Linda O'Shea Farren | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | 7 as 7 |
| **Tinreamh ag Cruinnithe an Bhoird** | **11 as 12** | **12 as 12** | **12 as 12** | **12 as 12** | **10 as 12** | **9 as 12** | **9 as 12** | |

*Bhí an comhalta boird seo ar fáil ach níor fhreastail sé/sí ar an gcruinniú de dheasa coinbhleacht leasa.

# **Aguisín 2:** Léarscáil Straitéisí 2013 – 2015

**Is é ár mbunchuspóir:**

Is ann don Údarás chun feabhsuithe inbhuanaithe a chur chun cinn, daoine a chosaint agus iad ag úsáid seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta, agus tacú le cinntí eolasacha maidir leis an gcaoi a seachadtar seirbhísí.

**Is iad seo a leanas na torthaí is mian linn a bhaint amach:**

**Cúram arna fheabhsú**
Éascaímid feabhsuithe inbhuanaithe ar shábháilteacht agus ar cháilíocht na seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta

**Daoine arna gcosaint**
Gníomhaímid chun an riosca a laghdú go ndéanfaí dochar do dhaoine a úsáideann seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta nó go n-imreofaí drochíde orthu

**Daoine arna gcoinneáil ar an eolas**
Tuairiscímid go poiblí ar shábháilteacht, ar cháilíocht agus ar éifeachtacht seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta.

**Bonn eolais arna chur faoi chinntí beartais agus seirbhíse**
Cuirimid bonn eolais faoin bpróiseas forbartha beartas agus faoin gcaoi a ndéantar seirbhísí a sheachadadh

**Is iad seo a leanas ár gcroíghníomhaíochtaí i dtreo na torthaí sin a bhaint amach:**

**Is iad seo a leanas ár gcuspóirí straitéiseacha:**

### Rialachán

*Clárú na seirbhísí ainmnithe cúram sláinte agus sóisialta, mar aon le maoirseacht agus mionscrúdú orthu, de réir na riachtanas dlí is infheidhme*

- Reáchtálfaimid cláir le seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta a rialáil d'fhonn daoine a chosaint agus torthaí feabhsaithe a bhaint amach d'úsáideoirí na seirbhísí
- Comhlíonfaimid ár bhfeidhm rialála ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil agus cuirfear na páirtithe leasmhara bainteacha uile ar an eolas faoi thorthaí agus faoi na hiarmhairtí a bheidh ag na torthaí sin ar chúrsaí beartais

### Tacú le feabhsuithe

*Tacaíocht a thabhairt do sholáthróirí agus d'úsáideoirí seirbhísí d'fhonn an cháilíocht agus an tsábháilteacht a fheabhsú*

- Déanfaimid caighdeáin agus treoir nua a fhorbairt agus déanfaimid na caighdeáin agus an treoir atá ann cheana a athchóiriú
- Forbróimid acmhainn inniúlachta agus tacóimid le cur i bhfeidhm feabhsuithe inbhuanaithe
- Roinnfimid an taithí a gheobhaimid ó ghníomhaíochtaí chun feabhsú leanúnach a chumasú

### Torthaí a fheabhsú de bharr na faisnéise

*Bailiú, úsáid agus comhroinnt na faisnéise sláinte ar bhealach éifeachtach, slán a chur chun cinn*

- Socróimid caighdeáin chun tacú leis an Ríomh-Shláinte
- Déanfaimid úsáid na faisnéise a chur chun cinn agus a chumasú i dtaca le seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta a phleanáil, a bhainistiú agus a sheachadadh

### Measúnú ar Theicneolaíochtaí na Sláinte (MTS)

*Comhairle fhianaisebhunaithe a chur ar fáil chun bonn eolais a chur faoin bpróiseas forbartha beartas agus faoin gcaoi a ndéantar seirbhísí a sheachadadh*

- Tabharfaimid faoi roinnt measúnachtaí teicneolaíocht sláinte ábhartha ar an mbealach is éifeachtúla is féidir
- Déanfaimid bearta chun a chinntiú go gcuirfear a leithéid de mheasúnachtaí san áireamh sa bheartas náisiúnta agus sa phróiseas déanta cinntí maidir le seirbhísí.

**Is iad seo a leanas na príomhnithe a chuirfidh ar ár gcumas na cuspóirí a bhaint amach:**

**Daoine**
Leanfaimid de dheimhin a dhéanamh de go mbíonn foireann againn atá inniúil agus tacaithe go gairmiúil agus a mbaintear feidhm iomlán as a n-acmhainneacht

**Rialachas**
Léireoimid go bhfuil ár gcreat rialachais chorparáidigh idir éifeachtach agus láidir

**Feidhmíocht agus seachadadh**
Déanfaimid an eagraíocht a bhainistiú ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil trí phleanáil dhiongbháilte agus trí bhainistíocht feidhmíochta láidir a áirithiú

**Faisnéis**
Déanfaimid faisnéis a úsáid agus a bhainistiú go héifeachtach agus de réir an dea-chleachtais

**Cumarsáid agus rannpháirteachas**
Coinneoimid i dteagmháil ghníomhach le páirtithe leasmhara ar bhealach oscailte, freagrach

**Fianaise**
Déanfaimid deimhin de go mbeidh ár n-obair ar fad bunaithe ar fhianaise agus ar thaighde

# **Aguisín 3:** An Tuarascáil Bhliantúil ar Rialachas agus Chomhlíonadh

## 1. Réamhrá

Is é Bord an Údaráis atá freagrach as an gcóras rialaithe inmheánaigh agus as athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha gach bliain, lena n-áirítear na rialuithe airgeadais, oibríochtúla, comhlíonta agus bainistíocht riosca[1].

Sonraítear san Acht Sláinte, 2007 go dtabharfar breac-chuntas i gCód Rialachais an Údaráis ar 'na rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear na nósanna imeachta atá aige i ndáil le hiniúchadh inmheánach, le bainistíocht riosca, le soláthair phoiblí agus le tuairisciú airgeadais' agus go 'gcuirfidh an tÚdarás in iúl ina thuarascáil bhliantúil na socruithe atá aige chun an cód rialachais a chur i ngníomh agus chun go gcloífear i gcónaí leis'.

## 2. Rialachas agus Comhlíonadh

Chun a chuid dualgas ina leith seo a chomhlíonadh, tá cur chuige glactha ag Bord an Údaráis ar dá réir a thugann na Stiúrthóirí Feidhmiúcháin agus Ceannairí na Stiúrthóireachta um Sheirbhísí Corparáideacha agus na Stiúrthóireachta um Chumarsáid agus Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara ráiteas urrúis an duine do Choistí an Bhoird i ndáil le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha laistigh dá réimsí freagrachta.

Tar éis do na Coistí Boird an t-athbhreithniú seo a dhéanamh, cuirtear tuarascáil faoi bhráid Bhord an Údaráis ina dtugtar breac-chuntas ar na ráitis urrúis. Déantar plé sna ráitis le príomhfheidhmeanna an Údaráis, lena n-áirítear an fhaisnéis sláinte, an measúnú ar theicneolaíocht na sláinte, feabhsú na sábháilteachta agus na cáilíochta agus an rialachán. Leagtar amach sna ráitis na gníomhaíochtaí atá mar bhonn agus mar thaca ag gach aon fheidhm agus na rialuithe atá ann i dtaca leis na gníomhaíochtaí seo. Mar shampla, tá feidhm socraithe caighdeán ag an Údarás agus léirítear na rialuithe (m.sh. an nós imeachta) a bhaineann leis an bhfeidhm seo.

Mar chuid den athbhreithniú a dhéanann an Bord agus a choistí, déantar machnamh ar na próisis agus ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar feidhmeanna an Údaráis a bhainistiú agus a rialú go héifeachtach agus go mbíonn siad in oiriúint leis na ceanglais dhlíthiúla a leagtar síos san Acht Sláinte, 2007. I gcásanna ina dtagann réimsí is gá a fheabhsú chun solais, rachfar i ngleic leo sa chéad bhliain eile.

1 An Roinn Airgeadais. An Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, alt 10.1


Tá bunaithe ag an Údarás freisin beartais agus nósanna imeachta corparáideacha diongbháilte i réimsí an airgeadais, na n-acmhainní daonna, agus na bainistíochta faisnéise lena chinntiú go gcuirtear gníomhaíochtaí sna réimsí seo i ngníomh ag an am céanna le córas éifeachtach rialuithe inmheánacha. Is í an Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Corparáideacha a chuireann na ráitis urrúis ar fáil i ndáil leis na gníomhaíochtaí seo, lena n-áirítear bainistíocht airgeadais, bainistíocht acmhainní daonna, bainistíocht teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, agus comhlíonadh reachtaíochta atá dírithe ar an earnáil phoiblí, amhail cleachtais saorála faisnéise, sláinte agus sábháilteachta agus earcaíochta.

Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh, lena n-áirítear pleanáil agus tuairisciú corparáideach, eitic in oifigí poiblí, rialachas agus bainistíocht riosca i dtaobh an Bhoird agus coistí.

Cumarsáid agus rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara, lena n-áirítear socruithe don rannpháirteachas le páirtithe leasmhara agus do ghnóthaí poiblí.

Oibríonn an tÚdarás gan stad gan staonadh chun a shocruithe rialachais a threisiú chomh luath is a dhéantar sainaithint ar aon ghné is gá a fheabhsú.

# **Aguisín 4:** Struchtúr Eagraíochtúil



Health Information and Quality Authority

An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte



**An Cheannoifig**

Aonad 1301, Citygate
Machain,
Corcaigh
Guthán:+353 21 240 9300

**Oifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath**

Cúirt Sheoirse
Lána Sheoirse,
Baile Átha Cliath 7
Guthán:+353 1 814 7400

**Ar Líne**

Ríomhphost: info@hiqa.ie
Suíomh: www.hiqa.ie

**© An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, 2014**